

Oifig an  
Office of the



**Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí**  
**Director of Public Prosecutions**

**Tuarascáil Bhliantúil 2010**

Tá leagan Béarla den Tuarascáil seo ar fáil chomh maith

OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ  
14 - 16 Sráid Mhuirfean,  
Baile Átha Cliath 2.

Teil: + 353 1 678 9222  
Faics: + 353 1 661 0915  
Láithreán Gréasáin: [www.dppireland.ie](http://www.dppireland.ie)

An Rannán Aturnaetha,  
90 Sráid an Rí Thuaidh,  
Margadh na Feirme,  
Baile Átha Cliath 7.

Teil: +353 1 858 8500  
Faics: +353 1 858 8555  
Láithreán Gréasáin: [www.dppireland.ie](http://www.dppireland.ie)

© Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí 2011

# CLÁR

Réamhrá .....	4
<b>CUID 1: OBAIR GHINEARÁLTA NA HOIFIGE .....</b>	<b>7</b>
1.1 Obair Ghinearálta na hOifige .....	8
1.2 Creat an Phróisis Ionchúiseamh Choiriúil .....	9
1.3 Struchtúr na hEagraíochta .....	10
<b>CUID 2: SÚIL SIAR AR AN MBLIAIN .....</b>	<b>11</b>
2.1 Súil Siar ar an mBliain .....	12
2.2 Cumann idir Náisiúnta na nIonchúisitheoirí .....	20
2.3 Caiteachas na hOifige .....	23
2.4 Sliocht as an gCuntas Leithreasa 2009 .....	26
2.5 An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997 .....	27
2.6 Ráitis Bhliantula Maidir le Torthaí Saothair 2009-2010 .....	28
2.7 Saoráil Faisnéise .....	31
2.8 Tuarascáil Bhliantúil Maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh 2010 .....	32
<b>PART 3: CORA NUA I GCÚRSAÍ DLÍ .....</b>	<b>34</b>
3.1 Cora Nua i gCúrsaí Dlí 2010 .....	35
3.2 Cásanna Éignithe .....	43
<b>CUID 4: STAITISTICÍ .....</b>	<b>45</b>
4.1 Comhaid Ionchúisimh a Fuarthas .....	47
4.2 Torthaí na gCásanna Arna n-Ionchúiseamh ar Díotáil .....	55
4.3 Iarratais chuig na Cúirteanna .....	65

## Réamhrá



Seo í an uair dheireanach agamsa an réamhrá a scríobh do thuarascáil bhliantúil Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí mar go bhfuilim ag éirí as i Samhain 2011 tar éis breis is dhá bhliain déag a chaitheamh i mo Stiúrthóir agus breis is tríocha bliain a chaitheamh in oifigí dlí an Stáit. Tá súil agam nach dána an mhaise dom an deis seo a thapú le roinnt nithe a thabhairt chun cuimhne.

I dtosach, is mór an phribhléid a bhí ann an deis a fháil freastal ar Mhuintir na hÉireann is mé i mo Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Post dúshlánach a bhí i bpost an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, post ar dóigh liomsa a bhfuil rithábacht leis sa chóras dlí. Bhí an t-ádh orm a theacht i gcomharbacht ar Eamonn Barne, an chéad Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí sa tír agus a bhí in oifig ar feadh beagnach cúig bliana fichead. An ní is mó a bhain seisean amach ná neamhspleáchas na hoifige a chinntiú chomh mór sin is an t-achar a bhí mise in oifig nár cuireadh aon bhrú polaitíochta riamh orm ag aon tráth aon chás a chinneadh ar aon chineál bealach

ar leith. Ar an taobh eile bhí roinnt mhaith brú in amanna ó na meáin, scaití mar gheall ar an gcur chuige gáifeach agus áiféiseach a ghlactar maidir le coir.

Bhí an t-ádh orm fad is a bhí mé in oifig go raibh foireann bainistíochta inniúil agus dílis san oifig agus go raibh taca agam ó fhoireann dílis, chruaoibríoch, choinsiasach agus nuálach ann, ní hamháin ar thaobh an dlí ach i measc na foirne riaracháin a mbíonn a gcuid oibre rithábachtach maidir le feidhmiú na hOifige. Samhlaítear státseirbhísigh go minic mar dhream a bhíonn ceangailte le traidisiún, nach maith leo athrú agus a mbíonn easpa samhlaíochta orthu ach go deimhin ní fhéadfainnse sin a rá faoi fhoireann an DPP.

Ba thréimhse í an dá bhliain déag atá caite lenar bhain athrú agus nuálaíocht. Bhí easpa mór acmhainní ar an Oifig a ndeachaigh mise isteach inti in 1999 agus ní raibh sí réidh le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin an chéid nua. Ar an dea-uair, timpeall an ama ar ceapadh mé, shocraigh an Rialtas ag an am tuarascáil an tsainghrúpa faoi chathaoirleacht Dermot Nally, iar ard-rúnaí an Rialtais, a fheidhmiú. Moladh sa tuarascáil sin athruithe móra a dhéanamh ar struchtúr na hOifige, lena n-áirítear rannán coiriúlachta Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus seirbhís aturnaetha stáit áitiúla a athrú ón Ard-Aighne chuig Oifig an DPP. Ghlac go leor ama sna blianta ina dhiaidh sin moltaí Nally a fheidhmiú.

Ar ndóigh bhí gá athruithe móra eagraíochtúla a dhéanamh nuair a mhéadaigh foireann na hOifige ó 35 go dtí 200. Le linn na tréimhse céanna d'éirigh leis an Oifig na hathchóirithe ar an Státseirbhís a chur i bhfeidhm i réimsí mar bainistíocht feidhmíochta agus pleanáil ghnó agus chomh maith leis sin bunaíodh córas bainistithe cásanna TE a bhfuil athrú iomlán curtha aige ar an tslí a ndéanaimid gnó.

Tá feabhas mór tagtha ar an áit atá ag an íospartach sa chóras dlí coiriúil le deich mbliana anuas ach tá tuilleadh feabhais le déanamh. Tá iarracht mór déanta ag an Oifig breis eolais ghinearálta a chur ar fáil faoin obair a bhíonn ar siúl aici go háirithe tríd an láithreán gréasáin, bileoga eolais chomh maith le rannpháirteacht i seimineáir agus i gcomhdhála agus naisc a choinneáil le heagraíochtaí eile a mbíonn baint acu leis an gcóras dlí coiriúil. Tá an Oifig imithe ón gcóras faoi nach dtugtaí aon chúis gan cinntí a ionchúiseamh go dtí cúiseanna thabhairt i réimse teoranta cásanna (cinn inar bhásaigh daoine i ndiaidh 21 Deireadh Fómhair 2008) gan dochar do thríú páirtí. Tá ag éirí go maith leis an tionscadal seo cé go bhfuil éileamh mór ar acmhainní dá bharr agus tá an Oifig anois ag meas an féidir an tionscadal a shíneadh seo chuig an réimse cionta gnéis.

Uallmhian ar leith a bhí agam le cúpla bliain is ea ceanncheathrú nua a bhaint amach don Oifig ar fad i seanfhoirgneamh na Roinne Cosanta le taobh na gCúirteanna Breithiúna Coiriúla. Tá ríméad orm a rá go bhfuil sé geallta ag an Aire Stáit ar a bhfuil freagracht d'Oifig na nOibreachta Poiblí, an tUasal Brian Hayes, TD go rachaidh an tionscadal seo ar aghaidh. Ar bhonn céimithe atá sé i gceist an t-athrú a dhéanamh sa bhliain nó sa bhliain go leith atá ag teacht. Nuair a bheidh sin tugtha chun críche beidh sé i bhfad níos éasca athruithe a dhéanamh ar eagrú obair na hOifige. Is constaic é faoi láthair go bhfuiltear lonnaithe ar dhá láthair éagsúla chomh maith le ham agus acmhainní a chur amú.

Ar deireadh, tráth a bhfuil neamhchinnteacht mhór sa ghairm dlí go ginearálta ba mhaith liom moladh a thabhairt do lucht gairmiúil dlí chuig a gcuirtear go leor d'obair na hOifige amach – aturnaetha áitiúla stáit a oibríonn don Oifig ar bhonn conartha agus comhaltaí den Bharra a dhéanann go leor den obair abhcóideachta. Mar gheall gur féidir leas a bhaint as an mBarra, neamhchosúil le

tíortha eile, tá ionadaíocht ag muintir na hÉireann chomh cumasach agus chomh éifeachtach leis an ionadaíocht atá ag an gcúisí. Tá gairm aturnaetha agus Barra neamhspleách chomh tábhachtach céanna i gcóras dlí coiriúil agus i smachta reachta is atá neamhspleáchas na Breithiúnachta agus níor cheart dúinn talamh slán a dhéanamh de ní nach ann dó ar chor ar bith in áiteanna go leor ar fud an domhain sa lá atá inniu ann.



James Hamilton  
An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí  
Deireadh Fómhair 2011

## **RÁITEAS MHSIN**

---

Seirbhís ionchúisimh atá  
neamhspleách, cóir agus éifeachtach  
a chur ar fáil do Phobal na hÉireann

# CUID 1:

## OBAIR GHINEARÁLTA NA HOIFIGE

---

# 1.1 OBAIR GHINEARÁLTA NA HOIFIGE

**1.1.1** Is í príomhfheidhm an Stiúrthóra lonchúiseamh Poiblí ionchúisimh phoiblí agus nithe gaolmhara coiriúla a threorú agus a mhaoirsiú.

**1.1.2** Is ón nGarda Síochána, an phríomh-ghníomhaireacht imscrúdaithe náisiúnta a fhaigheann Oifig an Stiúrthóra lonchúiseamh Poiblí formhór na gcásanna lena n-déileáil an Oifig. Mar sin féin, tarchuireann gníomhaireachtaí imscrúdúcháin speisialta eile roinnt cásanna chuig an Oifig freisin, lena n-áirítear na Coimisinéirí Ioncaim, Ranna Rialtais, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, An Post, an tÚdarás Iomaíochta, an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach, an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus údarais áitiúla.

**1.1.3** Tá trí rannán in Oifig an Stiúrthóra lonchúiseamh Poiblí:

Tar éis comhad imscrúdaithe a scrúdú, déanann an Rannán Stiúrtha cinneadh maidir le cibé ar chóir nó nár chóir ionchúiseamh a bheith ann nó má tá sé tosaithe ag an nGarda Síochána cibé acu ar chóir nó nár chóir leanúint ar aghaidh leis. Cuirtear in iúl sa treoir a eisítear na cúisimh, más ann, a thabharfar os comhair na gcúirteanna. I gcásanna áirithe beidh gá le breis faisnéise agus imscrúdaithe sula bhféadfar cinneadh a dhéanamh. Bunaítear cinneadh chun dul ar aghaidh le hionchúiseamh ar chás *prima facie* - fianaise a d'fhéadfadh, cé nach gá go dtarlódh sé, cúirt nó giúiré a threorú chuig cinneadh go bhfuil an duine ciontach sa chion, thar amhras réasúnach.

Soláthraíonn an Rannán Aturnaetha, faoi cheannaireacht an Phríomh-Aturnae lonchúisimh, seirbhís aturnae chuig an Stiúrthóir in ullmhú agus i gcur i láthair cásanna i gCúirteanna Dúiche agus Cuarda Bhaile Átha Cliath, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil, sa Chúirt Choiriúil Speisialta, sa Chúirt Achomhairc Choiriúil, san Ardchúirt agus sa Chúirt Uachtarach á n-ullmhú agus á gcur i láthair. Fostaítear 32 aturnae stáit lasmuigh de cheantar Bhaile Átha Cliath, ar bhonn conartha chun seirbhís aturnae a chur ar fáil sa Chúirt Chuarda agus i roinnt ábhar na Cúirte Dúiche ina gceantair áitiúla féin.


Soláthraíonn an Rannán Riaracháin seirbhísí eagraíochta, bonneagair, riaracháin agus faisnéise a theastaíonn ón Oifig agus tugann sé tacaíocht freisin don Rannán Stiúrtha agus don Rannán Aturnaetha.



# 1.2 CREAT AN PHRÓISIS IONCHÚISEAMH CHOIRIÚIL



# 1.3 STRUCHTÚR NA HEAGRAÍOCHTA (SUAS GO DTÍ MEITHEAMH 2011)



# CUID 2:

## SÚIL SIAR AR AN MBLIAIN

---

## 2.1 SÚIL SIAR AR AN MBLIAIN

**2.1.1** Is é ról a leagtar ar Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (DPP) seirbhís ionchúisimh atá neamhspleách, cóir agus éifeachtach a chur ar fáil do Phobal na hÉireann. Leagtar amach staitisticí mionsonraithe maidir leis na comhaid ionchúisimh ar déileáladh leo i rith na bliana agus an toradh a bhí ar na cásanna i gCuid 4 sa tuarascáil seo. Déantar athbhreithniú sa chaibidil seo ar na struchtúir bainistíochta atá mar bhonn treise faoi oibriú éifeachtach éifeachtúil na hOifige ionas go gcinntítear go bhfuil seirbhís ionchúisimh ar ardchaighdeán á cur ar fáil.

**2.1.2** Nuair atá laghdú suntasach á dhéanamh ar an gcaiteachas poiblí faoi láthair, tá ar cheann de na bearta dúshláin a chuirtear os comhair na hOifige cinntiú nach gcuirtear isteach ar ionchúiseamh maidir le coiriúlacht thromchúiseach agus go ndéantar na hacmhainní atá ar fáil a úsáid ar an mbealach is éifeachtúla is féidir.

**2.1.3** Bhí líon foirne Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ar an 1 Eanáir 2010 beagán níos lú ná an líon foirne ar an 1 Eanáir 2009. Bíonn an Oifig ag brath ar sheirbhís na nAturnaetha Stáit agus ar abhcóidí atá i mbun cleachtais go príobháideach chomh maith leis an bhfoireann atá fostaithe go díreach san Oifig. Tá 32 aturnae atá i mbun cleachtais go príobháideach i gceist le Seirbhís na nAturnaetha Stáit agus iad ar conradh ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí maidir le hionadaíocht a dhéanamh thar ceann an Stiúrthóra sna cúirteanna taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath. Tá painéal ar bun ag an Oifig chomh maith ar a bhfuil 168 abhcóid a chuirtear ar conradh cás i ndiaidh an cháis

maidir le hionchúiseamh a dhéanamh ar cháis sna cúirteanna coiriúla éagsúla thar ceann an Stiúrthóra.

**2.1.4** B'ionann an costas iomlán maidir leis an tseirbhís ionchúisimh a reachtáil agus €41m i rith na bliana 2010. Táillí a íocadh le habhcóidí a dhéanann cásanna a ionchúiseamh thar ceann an Stiúrthóra sna cúirteanna coiriúla éagsúla a bhí i gceist le 36% den mhéid sin agus íocadh 29% de mar thuarastal & mar phá le foireann na hOifige. Baineann 15% eile leis an méid a íocadh mar chostais dlí ar iad a dhámhachtain sna cúirteanna.

### BAINISTÍOCHT STRAITÉISEACH

**2.1.5** Bhí costas na seirbhíse ionchúisimh i rith na bliana 2010 timpeall is €3.5m níos ísle ná mar a bhí i rith na bliana 2009. Tá lorg na dtionscnamh a chuir an Oifig i bhfeidhm faoi théarmaí Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí d'fhonn breis éifeachtúlachta agus sábhála a thabhairt i gcrích le sonrú air an íslíú sin.



Pictiúr de na toscairí ag Seimineár Bliantúil na nAturnaetha Stáit i dTeach an Chóiste, Caisleán Bhaile Átha Cliath ar an 30 Eanáir 2010



An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, James Hamilton, ag bualadh leis an Uachtarán Máire Mhic Ghiolla Íosa ar theacht i láthair di chun an chomhdháil dar teideal 'Rape Law: Victims on Trial?' a oscailt i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar an 16 Eanáir 2010. Eagraíodh an chomhdháil i gcomhar idir Ionad Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath agus Coláiste na Tríonóide ar cheiliúradh ar chothrom Tríocha Bliain ó bunaíodh Ionad Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath. Tá Ellen O'Malley Dunlop, Príomh-Fheidhmeannach, Ionad Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath agus an Breitheamh Onórach, an tUasal Paul Carney, sa phictiúr chomh maith.

D'fhág íslíú pá a cuireadh i bhfeidhm san earnáil phoiblí i rith na bliana 2010, maille le hísliú 8% ar ráta na dtáillí ar sheirbhísí dlí ón 1 Aibreán 2010, laghdú ar chostas iomlán na seirbhíse. Tugadh sábháil shuntasach i gcrích i rith na bliana 2010 freisin i ndáil le costais dlí a rinne na cúirteanna a dhámhachtain. Bhí na costais dlí a íocadh i rith na bliana 2010 timpeall is €1.2m níos ísle ná na costais a íocadh i rith na bliana 2009.

**2.1.6** Ba mar gheall ar obair forbheartach a rinne an Oifig seo ag féachaint le laghdú ar an méid a íocadh maidir le costais a tharla an t-íslíú i ndáil le costais dlí. Leanfaidh an Oifig den tionscnamh sin a chur i bhfeidhm go lánbhríomhar. Ina ainneoin sin, tá tosca nach dtagann faoi smacht na hOifige a d'fhéadfadh cur isteach tráth ar bith ar leibhéal na gcostas a bheadh ar an Oifig a íoc.

**2.1.7** Ar mhaithe le feabhas a chur ar phróisis gnó ar fud na heagraíochta agus éifeachtúlacht bhreise a thabhairt i gcrích, lean an Oifig i rith na bliana 2010 le forbairt bhreise ar an tionscnamh maidir le cinntí faoi ionchúiseamh a chineachadh. Faoi tionscnamh sin, déantar an fhreagracht i ndáil le cinneadh cibé ar cheart ionchúiseamh a dhéanamh i gcás faoi leith a tharmligean le haturnaetha i Rannóg Aturnaetha na hOifige. Rinneadh próiseáil i rith na bliana 2010 ar 107 comhad i mBrainse na Cúirte Dúiche de Rannóg na nAturnaetha gan a gcur i gcead na Rannóige Treorúcháin. Ag deireadh na bliana 2010 rinneadh cinntí maidir le cásanna faoi athbhreithniú breithiúnach a tharmligean leis an mBrainse Athbhreithnithe Breithniúcháin gan a gcur i gcead na Rannóige Treorúcháin. D'fhág an t-atheagar sin ar an obair gur glanadh amach aon dúbailt ar an dícheall idir an dá Rannóg Dlí san Oifig.



An Príomh-Aturnae Stáit, Eileen Creedon, agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, James Hamilton, in éineacht leis na cainteoirí Remy Farrell BL (an dara duine ó thaobh na láimhe clé) agus an Dr Sheila Willis, Stiúrthóir Ginearálta, an tSaotharlann Dlí-Eolaíochta (an chéad duine ar thaobh na láimhe deise) ag an aonú Comhdháil Bhliantúil Náisiúnta Déag d'Ionchúisitheoirí i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar an 24 Aibreán 2010

**2.1.8** I rith na bliana 2010, d'éirigh leis an Oifig breis éifeachtúlachta a thabhairt i gcrích trí leas a bhaint as an teicneolaíocht chun seirbhís níos éifeachtaí agus níos tráthúla a chur ar fáil do na geallsealbhóirí. Tá táillí á n-íoc níos luaithe ó tugadh próiseas uathoibríoch i bhfeidhm i rith fhómhar na bliana 2010 maidir leis an gcuid is mó de na táillí a íoctar le habhcóidí. Fágann íocaíocht leictreonach a thabhairt isteach i ndáil le soláthraithe i mí na Nollag 2010 seirbhís níos luaithe ar fáil ag na soláthraithe agus íslíú maidir le costas postais na hOifige.

**2.1.9** Tríd an gCóras Bainistíochta Cásanna, Cáipéisí agus Comhad ar ríomhaire, mar a tugadh isteach den chéad uair i mí Deireadh Fómhair 2008, tá teacht ag na bainisteoirí agus ag an lucht foirne ar fud na heagraíochta ar na comhaid ionchúisimh ar fad in aon áit amháin. Tá an córas sin tugtha i bhfeidhm faoi seo ar fud bhrainsí uile na hOifige. Tugadh faoi athbhreithniú foirmeálta ar oibriú an chórais ó bhainse go brainse i rith na bliana 2010. Ag eascairt ón athbhreithniú sin, cuireadh roinnt beart feabhsúcháin i bhfeidhm ar an gcóras ar fud na heagraíochta. Leanfar den athbhreithniú sin ar feadh na bliana 2011 ionas go gcinntítear go mbíonn an córas ag obair chomh maith agus is féidir agus gur féidir leis an gcóras freastal d'aon fhorbairt nua maidir le nósanna imeachta ionchúisimh a thagann chun cinn de réir mar is gá.

**2.1.10** Cor breise a tháinig chun cinn i rith na bliana 2010 gur cuireadh nasc ar bun idir córas ríomhaireachta na hOifige agus ionad nua na gCúirteanna Dlí agus Cirt Coiriúla. Ligeann sin d'fhoireann na hOifige comhaid cásanna a bhreathnú agus oibriú orthu idir seisiúin sna cúirteanna, rud a chuireann feabhas ar an teacht atá ar fhaisnéis agus ar chúrsaí éifeachtachta.

**2.1.11** Bhí ról tábhachtach arís le Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) na Státseirbhíse maidir le deis a thabhairt don lucht bainistíochta agus don fhoireann an fheidhmíocht a mheas i gcomórtas le spriocanna aontaithe. Chuidigh sin lena chinntiú gur déileáileadh le comhaid ar bhealach tráthúil agus gur sásaíodh spriocthráthanna aontaithe. Cuireadh forbairt na foirne chun cinn leis an gcóras chomh maith trí bhearta meantóireachta agus cláir oiliúna struchtúrtha.

**2.1.12** Tugadh clár gluaisteachta isteach san Oifig i rith na bliana 2010 i ndáil leis an bhfoireann agus sin d'fhonn deiseanna a thabhairt don lucht foirne cur lena gcleachtadh féin ar an obair agus, chomh maith leis sin, deis a thabhairt don Oifig taithí agus saineolas a scaipeadh ar fud dhá rannóg dlí na hOifige. Díriodh ar dtús ar roinnt postanna dlí sinsearachta agus daoine den fhoireann ag aistriú idir an dá rannóg dlí san Oifig. Tá rún





Una Ní Raifeartaigh BL, An Leabharlann Dlí, agus an Bleachtaire-Chigire Paul Gillen, Aonad Imscrúdúcháin an Gharda maidir le Coireanna Ríomhaireachta, a chuir páipéir i láthair ag an aonú Comhdháil Bhliantúil Náisiúnta Déag d'Ionchúisitheoirí i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar an 24 Aibreán 2010

malartú breise a thabhairt i bhfeidhm i rith na bliana 2011 idir an lucht foirne dlí agus an clár gluaisteachta a leathnú amach go dtugtar an lucht foirne riaracháin ar fud na heagraíochta faoina scáth chomh maith d'fhonn deis a thabhairt dóibh ar lón taithí agus ar réimse forbartha níos forleithne.

## AN COMHTHÉACS DLÍ

- 2.1.13** Ar cheann de na cuspóirí príomhthábhachta atá ag an Oifig agus seirbhís ardchaighdeán á cur ar fáil, tá a chinntiú go mbíonn tuiscint ag an bhfoireann ar an dlí agus ar an gcomhthéacs ina bhfeidhmíonn an Oifig. Bíonn an timpeallacht dlí ina bhfeidhmíonn an Oifig faoi athrú seasta. Ní mór dúinn coinneáil bord ar bhord le cora nua sa dlí, in Éirinn agus go hidirnáisiúnta agus an chastacht bhreise a bhaineann leis an dlí coiriúil agus le cleachtas ina leith a thabhairt san áireamh.
- 2.1.14** Cé go bhfuil íslí suntasach tagtha ar bhuiséad oiliúna na hOifige le dhá bhliain anuas, is den riachtanas go gcinntítear an fhorbairt ghairmiúil don fhoireann. I rith na bliana 2010, rinneadh infheistíocht iomlán €241,329 in oiliúint ar dhaoine den fhoireann agus cuireadh €26,594 de sin i leith oiliúna a bhain go sainiúil le cúrsaí dlí agus caitheadh €61,789 ar fhreastal ar sheimineáir, ar chomhdhála

agus ar chúrsaí oiliúna. Nuair ba chuí sin, cuireadh oiliúint intí ar fáil agus daoine den fhoireann a bhfuil saineolas acu ar réimsí áirithe den dlí nó ar réimsí faoi leith den reachtaíocht ag cur seisiúin eolais ar fáil do dhaoine den fhoireann a bhíonn i mbun oibre ar an líne tosaigh.

- 2.1.15** D'eagraigh an Oifig chomh maith Seimineár Bliantúil na nAturnaetha Stáit i mí Eanáir 2010 agus an t-aonú ceann déag de na Comhdhála Bliantúla Náisiúnta d'Ionchúisitheoirí i mí Bealtaine 2010. Is mór an tairbhe a bhíonn as an dá imeacht sin maidir le deis a thabhairt d'fhoireann na hOifige agus dóibh siúd a mbíonn páirt acu le hionchúiseamh i gcásanna coireachta ar fud na tíre a theacht le chéile uair sa bhliain chun ábhair thráthúla agus cora nua i gcúrsaí dlí a phlé. Tá an-éifeachtúlacht leo chomh maith ó thaobh costais maidir le hoiliúint den Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach a chur ar fáil do dhream forleathan geallsealbhóirí.

- 2.1.16** Tá barrthábhacht ag baint le ról na seirbhíse Leabharlannaíochta agus Taighde san Oifig maidir lena chinntiú go mbíonn eolas reatha ar chora nua i gcúrsaí dlí á chur ar fáil go tráthúil agus seirbhís taighde a chur ar fáil mar bhonn treise faoi obair na foirne dlí. Tá teacht ag an bhfoireann ag a mbord oibre féin ar na hacmhainní leabharlainne leictreonacha ar fad, agus an cnuasach inmheánach de



John Rea ón tSeibhís Ionchúiseamh Poiblí i dTuaisceart Éireann in éineacht le Paul McDermott, Abhcóid Sinsearach, An Leabharlann Dlí, ag an aonú Comhdháil Bhliantúil Náisiúnta Déag d'Ionchúisitheoirí i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar an 24 Aibreán 2010

bhreitheanna scanáilte, de chiorcláin de chuid an Gharda, de cháipéisí polasaí, de chiorcláin inmheánacha, de cháipéisí taighde agus den chomhairle ó abhcóidí san áireamh. Ar an mbailiúchán d'imleabhair chruachóipe sa Leabharlann, tá téacsleabhair faoin dlí coiriúil, irisí agus cóipeanna den reachtaíocht.

**2.1.17** Lean an tAonad Polasaí lonchúisimh ag díriú ar threoirilínte polasaí inmheánacha a thabhairt chun cinn i ndáil le cionta marfacha agus le nochtadh. Ar a leagan amach go críochnúil, beidh na treoirilínte ina n-acmhainn chuimsitheach ag an bhfoireann gairme agus cuideoidh siad le cur chuige leanúnach bunseasmhach maidir le déileáil leis na réimsí áirithe sin den dlí coiriúil.

**2.1.18** Thug an tAonad faoi roinnt tionscadal taighde inmheánach chomh maith chun críche lón eolais a chur ar fáil maidir le polasaithe agus nósanna imeachta inmheánacha na hOifige san am atá le teacht. Ba é a bhain leis na tionscadail comhaid maidir le cionta éignithe ón mbliain 2005 go dtí an bhliain 2007 a thiomsú i gcomhord; cásanna samplacha maidir le íospartaigh linbh a d'fhulaing éigniú, truailliú, cruálacht agus faillí a scrúdú; agus athbhreithniú iomlán ar chásanna dúnbhásaithe na bliana 2007.

**2.1.19** Lean an tAonad Polasaí i rith na bliana 2010 den obair ar cuireadh tús léi sa bhliain 2009 maidir le monatóireacht a dhéanamh ar na hiarratais a dhéantar fianaise faoi thaithí an ghearánaí i dtrialacha éignithe ar chúrsaí gnéis roimhe sin a thabhairt ar aire. Is léir ó thorthaí na hoibre sin go bhfuil ardú leanúnach ar líon na n-iarratas sin, ar géilleadh an cead ina leith i mórchuid mhór na gcásanna. 15 iarratas a rinneadh sa bhliain 2010 (i gcomhthéacs 38 triail). Chuir an t-ionchúiseamh go hiomlán in aghaidh sé cinn d'iarratais agus cuireadh i bpáirt in aghaidh aon cheann amháin eile. Géilleadh do cheithre cinn déag de na hiarratais agus tarraingíodh siar aon iarratas amháin.

## RIALACHAS

**2.1.20** Ar cheann de na tosca a chuireann bonn treise faoi iontaofacht an eolais a chuireann Oifig an Stiúrthóra lonchúiseamh Poiblí ar fáil, tá a oiread agus atá nósanna imeachta maidir le rialáil agus rialachas inmheánach tugtha chun cinn san Oifig. Leagtar tábhacht mhór san Oifig ar Choiste Iniúchta a bheith ar bun, ar a bhfuil comhaltaí neamhspleácha, chun pleanáil agus maoirseacht a dhéanamh i ndáil le hiniúcháireacht inmheánach.



C-D: Cathaoirleach nuacheaptha an Choiste Iniúchta, Peter Lacy; an t-iar-Chathaoirleach, Tom O'Higgins; an Leas-Stiúrthóir lonchúiseamh Poiblí agus an tOifigeach Cuntasaíochta, Barry Donoghue

**2.1.21** Bhí ceithre cinn de chruinnithe ag an gCoiste i rith na bliana 2010. Tugadh an obair ar chúig cinn de Thuarascálacha Iniúcháireachta chun críche i rith na bliana maidir le Bearta Rialála maidir le Ríomhairí; Cúrsaí Pá-Rolla; loncam; agus dhá thuarascáil faoin stádas maidir le bearta a moladh a dhéanamh mar gheall ar iniúcháireacht roimhe seo. Cuireadh gach ceann de na tuarascálacha sin faoi bhráid an Choiste Iniúchta d'fhonn a bplé.

**2.1.22** Phléigh an Coiste Iniúchta Bainisíocht Riosca freisin ag gach ceann de na cruinnithe. Rinne an Coiste Comhairleach Bainistíochta na Cláir Riosca maidir leis an Oifig a athbhreithniú agus a leasú ag cruinniú an Choiste sin i mí Bealtaine 2010.

**2.1.23** D'éirigh Cathaoirleach an Choiste Iniúchta, an tUasal Tom O'Higgins as oifig i rith chruinniú mhí na Nollag den Choiste. Rinne an tUasal



O'Higgins fónamh mar Chathaoirleach ó cuireadh an Coiste ar bun sa bhliain 1994. Tháinig an tUasal Peter Lacy ina Chathaoirleach ina áit. Tá an tUasal Lacy ina chomhalta d'Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

**2.1.24** Ar an 24 Márta 2010 bhí cuireadh ag an Oifig seo teacht os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí chun Tuarascáil Bhliantúil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste sa bhliain 2008 a phlé, go háirithe Vóta 14 de na Cuntais Leithreasa 2008 i ndáil leis an Oifig seo.

**2.1.25** Thug an cruinniú sin deis don Choiste fiosrú a dhéanamh maidir le dáileadh éifeachtúil ar na hacmhainní a chuirtear ar fáil don Oifig. Tugadh deis chomh maith don Oifigeach Cuntasaíochta na príomhréimsí caiteachais faoin Vóta a leagan amach agus an Coiste a chur ar an eolas faoin dúshlán a bhí á chur roimh an Oifig san am atá le teacht.

## CAIDREAMH LE GNÍOMHAIREACHTAÍ EILE

**2.1.26** Tá Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ar cheann de roinnt gníomhaireachtaí a oibríonn taobh istigh den chóras dlí agus cirt coiriúil. Is den riachtanas maidir le hobair na hOifige go bhféachtar le feabhas a chur go seasta síoraí ar an gcaidreamh le grúpaí geallsealbhóirí faoi leith agus le tionscnaimh a thabhairt chun cinn chun feabhas a chur ar an tseirbhís a thabhairt i gcrích.

**2.1.27** Oibríonn Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ó lá go lá le roinnt gníomhaireachtaí imscrúdúcháin óna bhfaightear na comhaid imscrúdúcháin. Is ón nGarda Síochána a chuirtear formhór mór na gcomhad sin faoi bhráid na hOifige. Oibríonn an Oifig agus an Garda Síochána go dlúth le chéile dá bhrí sin maidir le cora nua i gcúrsaí dlí. Chuir daoine d'fhoireann na hOifige oiliúint ar fáil i rith na bliana 2010 do dhaoine den Gharda Síochána faoi réimse ábhar éagsúil, ina measc, Nósanna Imeachta agus Modhanna Oibre sa Chúirt Dúiche; Ullmhúchán Comhad; Calaois agus Sciúradh Airgid; Coireacht Eagraithe; agus Urghabháil ar Shócmhainní ó Choireacht. Chomh maith leis sin, thug daoine d'fhoireann

Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí cuairteanna i rith na bliana ar Bhiúró Teicniúil an Gharda agus ar an tSaotharlann Dlí-Eolaíochta.

**2.1.28** Bhí an tAonad Polasaí Ionchúisimh i mbun pléite i rith na bliana 2010 le gníomhaireachtaí imscrúdúcháin faoi leith ar chomhaontuithe leibhéal seirbhíse a thabhairt chun cinn a chuideodh le gníomhaireachtaí den chineál sin caomhchóiriú a oibriú maidir leis an ábhar a chur faoi bhráid na hOifige seo agus cinntiú dá réir go gcuirtear seirbhís níos éifeachtaí agus níos críochnúla ar fáil.

**2.1.29** D'fhreastail an tAonad chomh maith de mhic léinn as roinnt ollscoileanna de chuid na tíre seo faoin gClár Intéirneachta do Mhic Léinn agus faoi chlár eile, ina measc Scoil Samhraidh Ollscoil Tulsa agus Clár Socrúcháin Clinice Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Bhí naonúr mac léinn ar fad a ghlac le socrúchán ar feadh tréimhsí éagsúla san Oifig i rith na bliana. Cuireann tionscnaimh den chineál sin taithí oibre fhiúntach den phraiticiúlacht ar fáil do na mic léinn agus cuirtear ar chumas an Aonad Polasaí chomh maith cur le hacmhainn taighde an Aonaid.

**2.1.30** Bíonn páirt ag an Oifig freisin san oiliúint ar aturnaetha atá faoi oiliúint. I rith na bliana 2010, chuir daoine d'fhoireann na hOifige 90 uaire a chloig d'oiliúint ar fáil do mhic léinn dlí i nDlí-Chumann na hÉireann maidir le hábhair éagsúla, ina measc dlíthíocht choiriúil; abhcóideacht choiriúil; reachtaíocht faoi thrácht ar bhóithre; athbheithniú breithiúnach; cionta indíotálte; agus fianaise.

**2.1.31** Leanann an Oifig de pháirt a ghlacadh i ngrúpaí éagsúla idirghníomhaireachtaí agus de chion oibre a dhéanamh ar mhaithe leo; ina measc, an Coiste Comhairleach ar an Dlí Coiriúil; Grúpa Idirchaidrimh an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus an Gharda Síochána; an Grúpa Comhairleach maidir le Coireacht agus Staitisticí faoin gCóras Dlí Coiriúil; Grúpaí Úsáideoirí éagsúla maidir leis an tSeirbhís Chúirteanna; an Grúpa Idirghníomhaireachtaí maidir leis an gCeartas Aisig; an Grúpa Comhairleach maidir leis an Tionscadal Idir-Rialtais i ndáil le Cúnamh

Taca d'íospartaigh ó Choireacht; Coiste an Dlí Coiriúil i nDlí-Chumann na hÉireann; Grúpa Forfheidhmiúcháin Alt 13 McFarlene; an Grúpa Comhairleach maidir le Tionscadal an Chórais Dlí agus Cirt Coiriúil agus na hlléagsúlachta Sóisialta; an Grúpa Comhairleach maidir le Coiste Smyth faoin Agallamh a chur ar Amhrastaigh; agus an Grúpa Stiúrtha maidir leis an Acht um Cheartas Coiriúil.

**2.1.32** Lean an Oifig i rith na bliana 2010 de chion oibre a dhéanamh maidir leis an dlí coiriúil a thabhairt chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta agus glacadh páirt i roinnt tionscnamh a raibh baint ag gníomhaireachtaí idirnáisiúnta leo. Leanadh chomh maith dár gcion den obair a dhéanamh ar mhaithe le comhlachtaí agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, ina measc, EUROJUST; GRECO; OLAF; Eurojustice; Cumann Idirnáisiúnta na nIonchúisitheoirí; Cumann Idirnáisiúnta na nAbhcóidí; agus an Cumann Idirnáisiúnta maidir leis an Athchóiriú ar an Dlí Coiriúil.

**2.1.33** Toghadh an Stiúrthóir, an tUasal James Hamilton, ina Uachtarán ar Chumann Idirnáisiúnta na nIonchúisitheoirí ag comhdháil idirnáisiúnta na heagraíochta sin sa Háig i mí Meán Fómhair 2010. Is ar feadh téarma trí bliana a toghadh ina Uachtarán é. Tá obair an Chumainn leagtha amach ag an Stiúrthóir i gcaibidil 2.2 sa tuarascáil seo.

**2.1.34** Ghlac an Oifig páirt i rith na bliana faoi chaibidil i dtogra taighde de chuid na hEorpa maidir le coiriúlacht ciníochais agus fuatha. Cuireadh na sonraí agus an fhaisnéis a bhí ar fáil maidir le coireanna a raibh ciníochas agus fuath i gceist leo faoi scrúdú in Aonad Polasaí na hOifige, go háirithe cásanna agus daoine a cúisíodh maidir le cionta a raibh an ciníochas mar bhun leo nó ceangailte leo; an líon ionchúiseamh; agus an toradh a bhí ar chásanna den chineál sin. Cuireadh an t-ábhar, ar a chóiriú ionas gur anaithnid na daoine a mbaineann sé leo, ar fáil do lucht taighde taobh amuigh den oifig d'fhonn a chur san áireamh le beart staidéir comparáideach de chuid an AE atá le foilsiú i rith Shamhradh na bliana 2011.

## AN TSEIRBHÍS A MBÍONN SÚIL AG AN BPOBAL LÉI

**2.1.35** Leanadh i rith na bliana 2010 den pholasaí maidir le cúiseanna a lua i ndáil le cinneadh nach ndéanfaí ionchúiseamh i gcásanna lena mbaineann bás duine a chur i bhfeidhm ar bhonn píolótach. Is athrú atá sa pholasaí nua seo ón nós a leantaí roimhe seo nuair ba don Gharda Síochána amháin a chuirte cúiseanna le cinneadh nach ndéanfaí ionchúiseamh in iúl agus nuair nach gcuirtí do ghaolta an té a d'éag. Táthar ag tnúth go mbeidh na cúiseanna a lua ina leithéid sin de chás ina chúnamh ag teaghlach maidir lena thuiscint cén fáth nach bhféadfaí ionchúiseamh a dhéanamh.

**2.1.36** Tá eolas faoi obair na hOifige agus faoin gcóras dlí agus cirt coiriúil go ginearálta á chur ar fáil i gcónaí ar láithreán gréasáin na hOifige d'íospartaigh ó choireacht, d'fhinnéithe agus don phobal i gcoitinne. Cuireadh feabhas ar an láithreán gréasáin i rith na bliana 2009 gur tugadh isteach Treoir Ghairid maidir leis an gCóras Dlí agus Cirt Coiriúil atá furasta a úsáid agus roinn faoi leith den láithreán maidir le híospartaigh agus le Finnéithe. Bhain 23% den léitheoireacht a rinneadh ar an láithreán gréasáin i rith na bliana 2010 le léitheoireacht ar na ranna sin de.

**2.1.37** D'fhoilsigh an Oifig eagrán leasaithe de na leabhráin eolais maidir le *'Ról an DPP'* agus *'Ag dul chuig an gCúirt mar Fhinné'* i mí Meitheamh 2010. Táthar ag súil go mbeidh na leabhráin ina gcúnamh mór d'íospartaigh agus d'fhinnéithe a mbíonn baint acu le hionchúiseamh coiriúil agus go dtugtar tuiscint níos fearr iontu don phobal i gcoitinne ar obair na hOifige. Rinneadh 57,000 cóip de gach aon cheann de na heagraí nua de na leabhráin a scaipeadh ar fud na tíre ar eagraíochtaí agus ar ghníomhaireachtaí éagsúla, ina measc, Beairicí na nGardaí, an tSeirbhís Chúirteanna, Ionaid Eolais don Saoránach agus Grúpaí Taca d'íospartaigh.


**2.1.38** Chuidigh an Oifig chomh maith le hOifig na nÍospartach ó Choireacht sa Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí maidir le leasú ar an gcuid sin a bhaineann leis an tseirbhís

ionchúisimh i gCairt na nÍospartach a sheol an tAire i mí Iúil 2010. Leagtar amach sa Chairt sin an tseirbhís ar féidir le hÍospartaigh a bheith ag súil léi ó gach ceann faoi leith de na gníomhaireachtaí stáit is mó a bhaineann leis an gcóras dlí agus cirt coiriúil.

**2.1.39** Thug daoine d'fhoireann na hOifige aitheasca ag roinnt comhdhálacha agus seimineár i rith na bliana 2010 faoi ábhair éagsúla a bhaineann leis an dlí coiriúil. Ina measc sin bhí cur i láthair faoin teideal 'Without Fear or Favour: A Voice for Rape Victims in the Criminal Justice System?' a rinne an Ceannasaí Polasaí ag comhdháil a d'eagraigh Údarás Comhionannais na hAlban; agus páipéar faoin teideal 'Women and the Law' a cuireadh i láthair i mí Deireadh Fómhair 2010 ag Comhdháil Bhliantúil an Chumainn don Taighde agus don Fhorbairt maidir leis an Dlí agus leis an gCeartas Coiriúil.

**2.1.40** Thug an Stiúrthóir roinnt aitheasc i rith na bliana, ina measc páipéar faoin teideal 'Prosecuting Corruption in Ireland' ag Scoil Dlí na Boirne i mí Bealtaine 2010; agus páipéar faoin teideal 'Accommodating Victims in the Criminal Justice System: an inclusionary or punitive logic' ag an gCeathrú Comhdháil Bhliantúil maidir leis an Dlí Coiriúil ag an Ionad maidir leis an gCeartas Coiriúil agus Cearta Daonna, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh i mí Meitheamh 2010. Tá an dá pháipéar sin ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige ar [www.dppireland.ie](http://www.dppireland.ie).

**2.1.41** Foilsíodh an tríú leagan de Scéim na hOifige i leith na Gaeilge i mí Aibreán 2010 agus tá sí ar fáil ar an láithreán gréasáin ag [www.dppireland.ie](http://www.dppireland.ie). Cuirtear faoin scéim seo lenar leagadh amach sa dá scéim a chuaigh roimpi arna bhfoilsíú de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Bíonn na foilseacháin ar fad a chuireann an Oifig amach ar fáil i bhfoirm dhátheangach agus tá láithreán gréasáin na hOifige dátheangach go hiomlán chomh maith. Rinne an Oifig déileáil le roinnt cásanna i nGaeilge i rith na bliana 2010. Bhí



An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, James Hamilton, ag labhairt ag an gceathrú Comhdháil Bhliantúil faoin Dlí Coiriúil ag an Ionad maidir leis an gCeartas Coiriúil agus Cearta Daonna, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh i mí Meitheamh 2010

trí cinn de chásanna os comhair na Cúirte Dúiche; trí cinn déag de chásanna os comhair na hArd-Chúirte; agus ceithre cinn de chásanna os comhair na Cúirte Uachtaraí san áireamh. Rinne Oifigeach Gaeilge na hOifige déileáil le seacht gcinn de litreacha agus le teachtaireacht ríomhphoist amháin. Bhí trí cinn de ghlaonna teileafóin i rith na bliana a ndearna an lucht foirne ar an bpainéal inmheánach cainteoirí Gaeilge déileáil leo.

## 2.2 CUMANN IDIRNÁISIÚNTA NA NIONCHÚISITHEOIRÍ



An tUas. James Hamilton (chun tosaigh, an dara duine ó thaobh na láimhe deise) ag Cruinniú Ginearálta Bliantúil Chumann Idirnáisiúnta na nIonchúisitheoirí sa Háig, áit ar ceapadh é ina Uachtarán ar an gCumann. Taispeántar an tUas. Hamilton leis an gCoiste Feidhmeannach isteach, ina measc (chun tosaigh, an chéad duine ó thaobh na láimhe deise) an tUachtarán atá ag éirí as, an tUas. François Faletti, Procureur Général, Cour d'Appel, Páras.

Leagan giorraithe an téacs a leanas den aitheasc a thug an Stiúrthóir ina Uachtarán dó ar Chumann Idirnáisiúnta na nIonchúisitheoirí (IAP) ag an gcéadChomhdháil Réigiúnach de chuid an IAP maidir le Meiriceá Thuaidh agus réigiún Mhuir Chairib.

- 2.2.1** I mo Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí dom in Éirinn, ba mhór an onóir dom mo cheapadh i m'Uachtarán ar Chumann Idirnáisiúnta na nIonchúisitheoirí ag Comhdháil Bhliantúil an Chumainn sa Háig i mí Meán Fómhair 2010.
- 2.2.2** Tá an IAP cúig bhliana déag ar an bhfód faoi seo. Ní raibh aon eagraíocht d'ionchúisitheoirí ag feidhmiú ar leibhéal an domhain go dtí sin.

Go deimhin, is dóigh liom gur beag an seans go raibh mórán cumainn den chineál seo ag feidhmiú ar bhonn réigiúnach fiú amháin. Bhí claonadh sna hionchúisitheoirí oibriú astu féin cuid mhór agus gan mórán caidrimh ná eolais acu ar a gcomhghleacaithe i dtíortha iasachta ná tuiscint ar a gcuid modhanna oibre. Bhí roinnt ionchúisitheoirí an tráth sin, an té a dtáinig mé féin i gcomharbacht air, Éamonn Barnes, iar-DPP na hÉireann, a bhí den tuairim go raibh dóthain ceisteanna ann ab ábhar buartha agus suime do na hionchúisitheoirí go mb'fhiú comhdhálacha a eagrú go rialta. Tháinig siadsan agus daoine eile le chéile gur cuireadh an síol ónar fhás an IAP ar bun in oifigí na Náisiún Aontaithe i Vín sa bhliain 1995.

**2.2.3** Cúig bhliana déag dar gcionn, an bhfuil an fiúntas sin cruthaithe ag an IAP agus an bhfuil gá i gcónaí le heagraíocht dá leithéid?

**2.2.4** Ar an gcéad dul síos, tá an tábhacht bhunúsach céanna leis na comhdhálacha bliantúla agus an fiúntas céanna a bhí riamh i gcúrsaí na heagraíochta. Is é tuairim an chuid is mó de na daoine ag comhdháil an IAP gur deis thairbheach í foghlaim faoi thaithí a gcuid comhghleacaithe in áiteanna eile ar fud an domhain. Is rímhinic a bhíonn leas praiticiúil go díreach as an méid a fhoghlaimítear mar go mbíonn ionchúisitheoirí ag foghlaim faoi fhadhbanna atá cosúil leis na fadhbanna a chuirtear rompu féin agus faoi na bealaí a dtéitear i ngleic leis na deacrachtaí sin agus a sáraítear iad i ndlínsí eile. Is minic éagsúlacht shuntasach idir córais ionchúisimh, gan trácht ar na córais ceartais choiriúla, ar fud an domhain. B'fhéidir go measfaí ar dtús gur beag a bheadh de chosúlacht idir cás an ionchúisitheora in Éirinn agus cás an ionchúisitheora sa Chóiré nó sa Rómáin. Ach is é atá tugtha faoi deara ón malartú ar fhaisnéis agus ar lón taithí nach amhlaidh atá an scéal agus, ainneoin difríochtaí idir na heagraíochtaí agus idir na córais dlí agus cirt, agus ainneoin na mar a chéile na hacmhainní a bhíonn ar fáil do na seirbhísí ionchúisimh éagsúla, is iondúil go mbíonn na prionsabail bhunúsacha céanna agus na cuspóirí céanna mar bhonn leis an ionchúiseamh coiriúil ar fud an domhain ar fad.

**2.2.5** Ar cheann de na bearta fiúntais is féidir a dhéanamh tríd an IAP, tá deis a thabhairt d'ionchúisitheoirí smaoineamh ar na nithe is féidir a thabhairt isteach ó chórais eile agus a mheas an bhfuil an bealach ina ndéanaimid féin rudaí ar an gcaoi is réasúnta agus is deaeagraithe nó arbh fhiú dúinn smaoineamh ar athrú a chur ar na modhanna oibre. Bíonn modhanna nuála agus smaointe úra á gcur i láthair chomh maith agus tairbhe astu. Is í an fhirinne í nuair a deirtear nach féidir eolas agus tuiscint a bheith ag duine ar a thír agus a chóras feidhmiúcháin féin gan tuiscint chomh maith céanna ar thíortha agus ar chórais eile.

**2.2.6** Bíonn tábhacht faoi leith leis an gcaidreamh seachtrach agus leis an tionchar ón taobh amuigh i ndlínsí beaga a bhféadfadh ina mhalairt de chás go bhfágfaí ar leithlis iad agus go gcúngófaí ar an dearcadh iontu ionas nach mbeifí ar an eolas faoi chora nua ar fud an domhain mhóir. Ar cheann de na samplaí is soiléire ina leith sin maidir leis an dlínse sin againn féin bhí a thabhairt faoi deara go raibh athrú i ndlínsí eile a bhfuil an córas dlí agus cirt iontu bunaithe ar an dlí coiteann i ndáil le cúiseanna a lua leis na cinntí maidir le cásanna áirithe nach ndéantar ionchúiseamh ina leith.

**2.2.7** Tá tábhacht faoi leith leis seo ar fad nuair is mó arís atá comhthéacs an domhandaithe ag teacht i gceist i gcónaí. Ar fhéachaint ar dhomhan an lae inniu, is deacair uaireanta a thabhairt chun aire cé chomh mór atá an t-athrú atá tagtha le fiche bliain nó le cúig bhliana déag anuas go dtí an bhliain 2010. Ní haon eisceacht i ndáil leis sin an dlí coiriúil agus an t-ionchúiseamh ina leith. Fiche bliain ó shin bheadh an chuid is mó de na hionchúisitheoirí ag tabhairt faoina gcuid oibre gan caidreamh dá laghad dáiríre le hionchúisitheoirí as dlínse eile ach amháin sa chás gur tháinig iarratas eiseachadta ó am go chéile. Ní bhíodh an oiread céanna gluaiseachta i gceist maidir le daoine agus caipiteal ar fud an domhain. Is in aon dlínse amháin a tharla an chuid is mó de na coireanna agus is daoine a chónaigh sa dlínse sin a cheap amach iad a dhéanamh agus a imirt ar íospartaigh a raibh cónaí orthu sa dlínse sin chomh maith.

**2.2.8** Tá borradh tréan tugtha faoi deara againn maidir le coireanna de leithéid gháinneáil ar dhaoine, ar airm agus ar dhrugaí agus forás mór freisin maidir le sceimhlitheoireacht idirnáisiúnta agus coiriúlacht ar an idirlíon ar féidir iad a eagrú, a phleanáil agus a dhéanamh i roinnt ndlínsí éagsúla agus in aghaidh íospartach i ndlínsí nach móide gur sheas lucht dhéanta na gcoireanna riamh iontu. Níorbh ann ar chor ar bith don choiriúlacht ar an Idirlíon fiche bliain ó shin. Tá curtha go mór ag an domhandú chomh maith leis na deiseanna a thapaíonn lucht choireacht an bhóna bháin.

**2.2.9** Ní féidir tabhairt faoi choireanna den chineál sin le cur chuige náisiúnta agus leis sin amháin. Éilítear cur chuige domhanda go háirithe i ndáil leis an gcoiriúlacht ríomhaireachta ó tharla nach bhfuil teorainneacha i gceist leis an Idirlíon agus chomh fada agus a bhíonn stáit áirithe taobh amuigh de chóras ar bith, beidh laige ann a fhágann gur rófhurasta ag lucht coireachta a leas féin a bhaint as.

**2.2.10** Is féidir leas faoi leith a bheith as an fón a phiocadh suas agus labhairt le duine a bhfuil aithne phearsanta agat air nó uirthi agus ar eol duit ón aithne phearsanta sin gur comhghleacaí iontaofa agat é nó í nuair a bhítear ag plé le cás práinneach a bhfuil gné idirnáisiúnta ag baint leis. Ar ndóigh, is acmhainn sin nach ceart a úsáid ach amháin go hannamh agus níor cheart a úsáid maidir le gnáthchásanna, ach nuair a bhíonn gá lena dhéanamh, is mór is fiú gur féidir é.

**2.2.11** Uaireanta, bíonn níos mó ná caidreamh agus comhfhreagras de dhíth. Tharla uaireanta gur imríodh brú nó bagairt ar ionchúisitheoirí ionas go ndéanfaí cinntí a théann in aghaidh eitic na n-ionchúisitheoirí agus i bhfabhar dhaoine nó rialtais cumhachtacha. Feictear don IAP i gcónaí gurb é glór domhanda lucht gairme na n-ionchúisitheoirí atá ann agus ar ócáidí inar imríodh brú míchuí ar ionchúisitheoirí, chuidigh an cúnamh taca a chothaigh an IAP agus comhghleacaithe i dtíortha eile leis na hionchúisitheoirí a bhí i gcás baoil cur in aghaidh éileamh míréasúnach a bhí á dhéanamh orthu. Tarlaíonn uaireanta gur leor fios go mbítear ag faire ón taobh amuigh chun athrú a thabhairt i bhfeidhm ar iompar na n-údarás nó na rialtais.

**2.2.12** Rinne an IAP, i ndáil leis na gradaim bhliantúla, aitheantas a thabhairt do chrógacht ionchúisitheoirí de leithéid Paul Ngarua sa tSuasalainn agus Vusumzi Pikoli san Afraic Theas a cuireadh as oifig mar gheall gur chomhlíon siad an dualgas a bhí orthu i leith an dlí agus na ndaoine a raibh siad ag fónamh ar mhaithe leo mar ionchúisitheoirí.

**2.2.13** Ar cheann de réimsí beartaíochta an IAP, tá an obair maidir le caighdeáin arda a choinneáil ar bun i measc lucht ghairm na hionchúisitheoireachta. Tugadh na Caighdeáin Freagrachta Gairmiúlachta agus an Ráiteas faoi Dhualgais agus Chearta Buntábhachtacha na n-ionchúisitheoirí chun cinn taobh istigh den Chumann agus d'aontaigh an IAP iad sa bhliain 1999. Is tagarmharc idirnáisiúnta na Caighdeáin sin maidir le hiompar an ionchúisitheora aonair agus na seirbhíse ionchúisimh araon agus ba cheart iad a bheith á gcur i bhfeidhm ag ionchúisitheoirí ar fud an domhain gan bheann ar an gcóras dlí agus cirt. Éilítear ar eagraíochtaí a bhfuil ballraíocht acu san IAP aontú go gcoinneofar na Caighdeáin sin ar bun. Chomh maith le Prionsabail Havana na Náisiún Aontaithe agus le Moladh Rec (19) (2000) Chomhairle na hEorpa, tá Caighdeáin an IAP ar na hiarrachtaí móra códú agus leagan amach i scríbhinn a dhéanamh ar na caighdeáin eitice ar chóir don ionchúisitheoir déanamh dá réir. D'fhéadfadh tábhacht faoi leith a bheith le caighdeáin a leagtar síos i gcas an ionchúisitheora aonair a thagann faoi bhrú le linn fónamh gairmiúil a dhéanamh.

**2.2.14** Táim ag tnúth, le linn dom a bheith i m'Uachtarán, le hobair an IAP a thabhairt chun cinn agus a chothú trí oibriú i gcomhar le mo chuid comhghleacaithe sna gníomhaireachtaí ionchúisimh ar fud an domhain. Ní féidir ach amháin le hobair i gcomhar tabhairt faoi na dúshláin a chuirtear romhainn maidir le hionchúiseamh a dhéanamh i gcásanna coiriúlachta sa chomhthéacs domhanda ina bhfuiltear ag obair sa lá atá inniu ann.



## 2.3 CAITEACHAS NA HOIFIGE

Tugtar briseadh síos i gCairt 2.3.1 ar chaiteachas na hoifige i rith na mblianta 2010, 2009 agus 2008.

**Tuarastail & Pá:** Is ionann seo agus an caiteachas ar thuarastail na ndaoine atá fostaithe san Oifig. B'ionann líon iomlán na foirne ar an 1 Eanáir 2010 agus 194.3.

**Costais Oifige:** An caiteachas ginearálta maidir le riarachán ar an oifig atá i gceist leis seo agus tugtar san áireamh costas ceannacháin agus cothabhála maidir le trealamh oifige, soláthairtí oifige, costas leabharlannaíochta, costas cothabhála maidir le háitribh oifige, costas taistil agus caiteachas teagmhasach eile.


**Seirbhís na nAturnaetha Stáit:** Is é a bhaineann leis seo tuarastail agus costais a íoc le 32 Aturnae Stáit atá i mbun cleachtais ar bhonn príobháideach agus atá ar conradh ag an Oifig seo maidir le hionadaíocht a dhéanamh thar ceann an Stiúrthóra i gcúirteanna taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath.

**Táillí Abhcóide:** Táillí iad seo a íoctar le habhcóidí a dhéanann cásanna a ionchúiseamh thar ceann an Stiúrthóra sna cúirteanna coiriúla éagsúla. Is de réir pharaiméadair atá leagtha síos ag an Aire Airgeadais a shocraítear na táillí.

**Costais Ghinearálta Dlí:** Is é atá i gceist leis seo íocaíochtaí i ndáil le costais dlíthiúla a ndéanann na cúirteanna iad a dhámhachtain i gcás athbhreithnithe breithiúnacha agus iarratais eile a bhaineann le himeachtaí dlí in aghaidh an Stiúrthóra.

### CAIRT 2.3.1: CAITEACHAS OIFIGE

	2010	%	2009	%	2008	%
	€		€		€	
Tuarastail, Pá & Liúntais	12,082,779	29%	13,685,992	31%	13,165,327	30%
Costais Oifige	2,085,318	5%	2,158,818	5%	4,884,785	11%
Seirbhís na nAturnaetha Stáit	6,321,857	15%	6,368,245	14%	6,540,967	15%
Táillí Abhcóide	14,734,046	36%	15,283,338	34%	13,746,326	31%
Costais Ghinearálta Dlí	6,078,790	15%	7,289,469	16%	5,908,384	13%
<b>IOMLÁN</b>	<b>41,302,790</b>		<b>44,785,862</b>		<b>44,245,789</b>	




Léirítear i gCairteanna 2.3.2 & 2.3.3 briseadh síos ar an gcaiteachas i ndáil le táillí abhcóide sna cúirteanna coiriúla éagsúla agus briseadh síos de réir an réigiúin i ndáil leis an gCúirt Chuarda Choiriúil.

Tugtar san áireamh leis na táillí a íocadh le habhcóidí sa Chúirt Chuarda Choiriúil, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus sa Chúirt Choiriúil Speisialta, táillí i ndáil le comhairle maidir le cruthúnas, leis an dréachtadh maidir le díotáil, le comhairliúchán, le díotchúiseamh, le cás a chur i láthair agus le hócáidí eile ar ghá theacht i láthair e.g. pianbhreith a fhógairt.

Táillí i ndáil le hiarratais ar bhannaí agus leis an obair ullmhúcháin agus le héisteachtaí maidir le hathbhreithniú breithiúnach is mó a bhaineann leis an gcaiteachas ar tháillí maidir leis an Ard-Chúirt.

### CAIRT 2.3.2: TÁILLÍ ABHCÓIDE A ÍOCADH ARNA LUA DE RÉIR NA CÚIRTE


	2010	%	2009	%	2008	%
	€		€		€	
An Chúirt Chuarda	7,596,660	52%	9,109,899	60%	7,612,381	55%
An Phríomh-Chúirt Choiriúil	4,338,447	29%	3,843,990	25%	3,338,387	24%
An Ard-Chúirt	1,542,024	10%	1,303,317	9%	1,441,755	11%
An Chúirt Uachtarach	362,573	2%	208,140	1%	630,350	5%
An Chúirt Achomhairc Choiriúil	518,596	4%	532,581	3%	539,944	4%
An Chúirt Choiriúil Speisialta	341,533	2%	276,530	2%	132,820	1%
An Chúirt Dúiche	34,213	0%	8,881	0%	30,689	0%
<b>IOMLÁN</b>	<b>14,734,046</b>		<b>15,283,338</b>		<b>13,726,326</b>	





### CAIRT 2.3.3: TÁILLÍ ABHCÓIDE A ÍOCADH ARNA LUA DE RÉIR NA CUARDA

	2010 €	%	2009 €	%	2008 €	%
Cuaird Bhaile Átha Cliath	4,202,177	55%	4,824,375	53%	4,026,504	53%
Cuaird Chorcaí	692,302	9%	1,113,821	12%	1,029,230	14%
Cuaird an Oirthir	539,473	7%	661,256	7%	549,840	7%
Cuaird Lár Tíre	346,800	5%	328,395	4%	296,429	4%
Cuaird an Oirdheiscirt	603,052	8%	738,698	8%	673,856	9%
South Western Circuit	630,816	8%	795,015	9%	509,819	7%
Cuaird an Iarthair	305,835	4%	305,913	3%	217,764	3%
Cuaird an Tuaiscirt	276,205	4%	342,426	4%	308,939	4%
<b>IOMLÁN</b>	<b>7,596,660</b>		<b>9,109,899</b>		<b>7,612,381</b>	



# 2.4 SLIOCHT AS AN GCUNTAS

## LEITHREASA 2009

Cuntas ar an tsuim a caitheadh i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2009, arna cur i gcomórtas leis an tsuim a deonaíodh, agus ar an tsuim sa bhreis air sin is féidir a chur i leith leithreasaí i gcabhair, i ndáil le tuarastail agus costais Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Seirbhís		2009 Soláthar sna Meastacháin	2009 Toradh	2008 Toradh
		€'000	€'000	€'000
<b>RIARACHÁN</b>				
<b>A.1.</b>	Tuarastail, Pá agus Liúntais	14,139	13,686	13,165
<b>A.2.</b>	Taisteal agus Cothabháil	140	90	148
<b>A.3.</b>	Costais Theagmhasacha	1,095	1,041	1,506
<b>A.4.</b>	Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide	263	343	304
<b>A.5.</b>	Fearas Oifige & Trealamh eile Oifige	980	1,012	1,927
<b>A.6.</b>	& Costais eile a Ghabhann leo sin	630	574	1,117
<b>A.7.</b>	Caiteachas maidir le háitreabh Oifige	5	-	-
<b>A.8.</b>	Athbhreithniú maidir le Luach an Airgid & le Polasaithe	6,351	6,368	6,541
Seirbhís na nAturnaetha Stáit Áitiúla				
<b>SEIRBHÍSÍ EILE</b>				
<b>B.</b>	Táillí Abhcóide			
	<i>Bunchaiteachas</i>	12,293		
	<i>Caiteachas forlíontach</i>	3,000		
		15,293	15,283	13,746
<b>C.</b>	Costais Ghinearálta Dlí			
	<i>Bunchaiteachas</i>	6,000		
	<i>Caiteachas forlíontach</i>	1,000		
		7,000	7,290	5,908
<b>Ollchaiteachas</b>				
	<i>Bunchaiteachas</i>	41,896		
	<i>Caiteachas forlíontach</i>	4,000		
		<b>45,896</b>	<b>45,687</b>	<b>44,362</b>
<i>Lúide - -</i>				
<b>D.</b>	Leithreasaithe-i-gCabhair		775	901
<b>Glaniomlan</b>				
	<i>Bunchaiteachas</i>	41,121		
	<i>Caiteachas forlíontach</i>	4,000		
		<b>45,121</b>	<b>44,786</b>	<b>44,245</b>
<b>AN BARRACHAS ATÁ LE GÉILLEADH</b>			<b>€335,138</b>	<b>€276,211</b>

# 2.5 AN TACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997

## Na Rialacháin maidir le hÍocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála 2002

### FEIDHMIÚ AN ACHTA I RITH NA TRÉIMHSE ÓN 1 Eanáir 2010 GO DTÍ AN 31 Nollaig 2010

**2.5.1** Déanann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí íocaíochtaí le soláthraithe tar éis na hearraí nó na seirbhísí a bhíonn i gceist a chur ar fáil go sásúil agus tráth nach déanaí ná 30 lá ón am a gcuireann an soláthraí sonrasc faoi bhráid. Maidir le táillí abhcóidí, cé nach gcruthaítear sonraisc, tá de nós ag an Oifig táillí abhcóide a íoc tráth nach déanaí ná 30 lá ó thagann foirm tuairisce cáis i ndáil le haon chás ar bith.

**2.5.2** I rith na tréimhse faoi chaibidil, bhí an Oifig mall le haon íocaíocht amháin dar luach breis agus €317.50 a dhéanamh. B'ionann luach iomlán na hÍocaíochta sin agus €2,760. B'ionann luach iomlán na n-Íocaíochtaí déanacha i rith na bliana ar fad agus €2,760 as luach iomlán íocaíochtaí iomlána de €2.459 milliún agus b'ionann an t-ús ina leith sin agus €28.02.

### RÁITEAS AN OIFIGH CHUNTASAÍOCHTA

**2.5.3** Tá Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ar cheann de na heagraíochtaí sin a thagann faoi réir théarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus na Rialachán maidir le hÍocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála 2002. Tháinig an tAcht i bhfeidhm ar an 2 Eanáir 1998 agus chloígh an Oifig le téarmaí an Achta ón am sin i leith.

**2.5.4** Cuirtear stampa ar an bhfuil dáta an lae sin le gach sonrasc an tráth a dtagann sé. Ceadaítear na sonraisc agus cuirtear ar aghaidh iad lena n-íoc in am tráth ionas go gcinntítear go ndéantar an íocaíocht le linn na tréimhse

iomchuí. Nuair a bhíonn na sonraisc á n-íoc déantar an dáta ar tháinig siad isteach agus an dáta íocaíochta a chur i gcomparáid le chéile agus sa chás go bhfuil an teorainn ama iomchuí á sárú, cruthaítear íocaíocht úis leis an mbeart céanna. Sna cásanna sin ina mbíonn íocaíocht úis dlite, tugtar an t-ábhar sin ar aird an lucht bainistíochta ionas gur féidir aon bheart ceartúcháin is gá a dhéanamh.

**2.5.5** Dearbhú réasúnach amháin, agus ní dearbhú glan iomlán, in aghaidh neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta is féidir a chur ar fáil leis na nósanna imeachta atá curtha ar bun.

**Barry Donoghue**  
An tOifigeach Cuntasaíochta  
Meitheamh 2011

## 2.6 RÁITIS BHLIANTÚLA MAIDIR LE TORTHAÍ SAOTHAIR 2009-2010

**NÓTA:** Is é cuspóir an Ráitis Aischiúir príomh-aischiúir agus tionchair straitéiseacha a mheaitseáil le hionchuir airgeadais agus foirnithe maidir le bliain féilire. Tá na haschiúir sa ráiteas bunaithe ar na blianta 2009 agus 2010 agus léiríonn siad an obair go léir a rinneadh i rith an dá bhliain sin ar chomhaid ionchúisimh agus ar imeachtaí dlí cibé an bhfuarthas na comhaid in 2009 nó in 2010, nó i mblianta roimhe sin. Ar an údar sin, níl na staitisticí a luaitear sa ráiteas inchomórtais go díreach le staitisticí a luaitear i gCuid 4 den tuarascáil seo a dhéantar a thiomsú de réir na bliana ar tháinig an comhad faoi bhráid na hOifige.

### 1. RÁITEAS ACHOIMRE - SPRIOC ARDLEIBHÉIL

Is í an fheidhm bhunúsach a leagtar ar Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí stiúradh agus maoirseacht a dhéanamh ar ionchúisimh phoiblí agus ar chúrsaí coiriúla a bhaineann le hábhar. Is ón nGarda Síochána, an phríomhghníomhaireacht imscrúdúcháin náisiúnta, a thagann an chuid is mó de na cásanna a ndéileáiltear leo. Tagann, ina dhiaidh sin féin, roinnt cásanna faoi bhráid na hOifige ó ghníomhaireachtaí imscrúdúcháin speisialta, ina measc, na Coimisinéirí Ioncaim, ranna Stáit, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, An Post, an tÚdarás Iomaíochta, an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus na húdaráis áitiúla.

### SPRIOC ARDLEIBHÉIL

Seirbhís ionchúisimh atá neamhspleách, cóir agus éifeachtach a chur ar fáil do Phobal na hÉireann.

### TÁSCAIRE TIONCHAIR

A oiread atá seirbhís ionchúisimh neamhspleách, éifeachtúil, cothrom á coinneáil ar bun

### CUSPÓIRÍ AN CHLÁIR OIBRE

Comhaid imscrúdúcháin maidir le cionta coiriúla a chuirtear faoi bhráid na hOifige a mheas agus cinneadh a dhéanamh go tráthúil ina leith cibé ar cheart ionchúiseamh a thionscain nó ar cheart ionchúiseamh atá tionscanta cheana féin ag an nGarda Síochána a choinneáil ar bun.

Cinntiú go ndéantar go tráthúil de réir chinneadh ionchúiseamh a dhéanamh agus sin de réir na dTreoirlínte don Lucht Ionchúisimh faoi mar atá foilsithe.

### 2. AN BUISÉAD IOMLÁN IN AGHAIDH NA BLIANA DE RÉIR FHOINSE AN CHISTE

Is trí Vóta an Oireachtais a chuirtear ciste ar fáil don Oifig. Déantar soláthar leis an Vóta sin do thuarastail agus do chostais an Stiúrthóra agus na foirne, do thuarastail agus do chostais na Seirbhíse Aturnaetha Stáit, do tháillí a bhíonn le hóc le habhcóidí a fhostaíonn an Stiúrthóir chun cásanna a ionchúiseamh sna cúirteanna éagsúla agus do na costais a íoc a dhéantar a dhámhachtain in aghaidh an Stáit i gcásanna faoi Athbhreithniú Breithiúnach agus in imeachtaí dlí eile. Bíonn an caiteachas i ndáil leis an dá chineál costais is deireanaí a luaitear ag brath ar éileamh agus ar an méid oibre ar chásanna coiriúla a chuirtear trí na cúirteanna in aon bhliain faoi leith. Baineann an figiúr i ndáil le Leithreasáil i gCabhair den chuid is mó leis an aisghabháil ar chostais a dhéantar a dhámhachtain don Stát in imeachtaí coiriúla agus le hasbhaint i ndáil le cúrsaí pinsin a bhaintear as pá na foirne.

	BUISÉAD 2009 € Milliún	Toradh 2009 € Milliún	BUISÉAD 2010 € Milliún	Toradh Measta 2010 € milliún	% an Athraithe ar an Toradh
Glanchaiteachas Vótáilte	45.11	44.80	43.25	41.36	-8%
Leithreasáí i gCabhair	0.78	0.89	0.61	1.03	+16%
Ollchaiteachas Vótáilte	45.89	45.69	43.86	42.39	-7%
Neamhvótáilte (Foinse Stáit)	-	-	-	-	-
Ollchaiteachas Iomlán	45.89	45.69	43.86	42.39	-7%
A íocann an Stáitchiste	14.14	13.69	13.26	12.93	-6%
Líon na bhFostaithe Seirbhíse Poiblí	197	195	200	191	-2%

### 3. MIONSONRAÍ MAIDIR LEIS AN GCLÁR

Aon chlár oibre amháin a bhíonn ar bun ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, seirbhís ionchúisimh atá neamhspleách, cóir agus éifeachtach a chur ar fáil thar ceann Mhuintir na hÉireann.

#### SÍOLÁBHAR

An tSeirbhís Ionchúisimh	2009 € Milliún	Toradh 2009 € Milliún	2010 € Milliún	Toradh Measta 2010 € milliún	% an Athraithe ar an Toradh
<b>CAITEACHAS AR AN gCLÁR</b> - Caiteachas Reatha - Caiteachas Caipitil	33.56 -	33.79 -	32.13 -	31.47 -	-5% -
<b>RIARACHÁN &amp; SEIRBHÍSÍ TACA EILE</b> - Pá - Neamhphá Ollchaiteachas Iomlán ar an gClár	2.87 9.46	2.47 9.43	2.47 9.26	2.28 8.64	-8% -8%
<b>OLLCHAITEACHAS IOMLÁN AR AN GCLÁR</b>	45.89	45.69	43.86	43.39	-7%
<b>AN LÍON FOIRNE A BHÍ FOSTAITHE (COIBHÉIS FOSTAITHE LÁNAIMSEARHA) MAR A BHÍ AG DEIREADH NA BLIANA</b> - STÁTSEIRBHÍSIGH - SEIRBHÍSIGH POIBLÍ	197 -	195 -	200 -	191 -	-2% -

## TORTHAÍ

2009 toradh oibre	2009 sprioc oibre	2010 toradh oibre	2010 sprioc oibre
Teoracha a eisíúint i ndáil le tuairim is 11,000 amhrastach maidir le comhaid a chuireann gníomhaireachtaí imscrúdúcháin faoi bhráid na hOifige. .	Eisíodh teoracha i ndáil le 12,456 amhrastach maidir le comhaid a chuir gníomhaireachtaí imscrúdúcháin faoi bhráid na hOifige.	Teoracha a eisíúint i ndáil le tuairim is 12,000 amhrastach maidir le comhaid a chuir gníomhaireachtaí imscrúdúcháin faoi bhráid na hOifige.	Teoracha a eisíúint i ndáil le tuairim is 12,342 amhrastach maidir le comhaid a chuir gníomhaireachtaí imscrúdúcháin faoi bhráid na hOifige..
Socrú ionchúisimh a dhéanamh taobh istigh de na sprioctráthanna: 40% de na cásanna taobh istigh de 2 seachtain 50% de na cásanna taobh istigh de 4 seachtain 75% de na cásanna taobh istigh de 3 mhí	42% de na cásanna taobh istigh de 2 seachtain 62% de na cásanna taobh istigh de 4 seachtain 84% de na cásanna taobh istigh de 3 mhí	Socrú ionchúisimh a dhéanamh taobh istigh de na sprioctráthanna: 40% de na cásanna taobh istigh de 2 seachtain 50% de na cásanna taobh istigh de 4 seachtain 75% de na cásanna taobh istigh de 3 mhí	Socrú ionchúisimh a dhéanamh taobh istigh de na sprioctráthanna: 44% de na cásanna taobh istigh de 2 seachtain 61% de na cásanna taobh istigh de 4 seachtain 84% de na cásanna taobh istigh de 3 mhí
Trí fheidhmiú trí Sheirbhís na nAturnaetha Stáit, déileáil le himeachtaí cúirte ar díotál a eascraíonn as treoir ionchúisimh i rith na bliana 2009 in aghaidh tuairim is 1,800 amhrastach, chomh maith le cásanna ionchúisimh eile ar tugadh treoir ina leith i rith na mblianta roimhe seo.	Déileádh le himeachtaí cúirte nua in aghaidh 1,998 amhrastach, chomh maith le cásanna ionchúisimh eile ar tugadh treoir ina leith i rith na mblianta roimhe seo	Trí fheidhmiú trí Sheirbhís na nAturnaetha Stáit, déileáil le himeachtaí cúirte ar díotál a eascraíonn as treoir ionchúisimh i rith na bliana 2010 in aghaidh tuairim is 1,800 amhrastach, chomh maith le cásanna ionchúisimh eile ar tugadh treoir ina leith i rith na mblianta roimhe seo.	Déileádh le 2,099 imeacht cúirte nua in aghaidh amhrastach, chomh maith le cásanna ionchúisimh eile ar tugadh treoir ina leith i rith na mblianta roimhe seo
Déileáil le himeachtaí cúirte ar díotál a eascraíonn as treoir ionchúisimh i rith na bliana 2009 in aghaidh tuairim is 1,800 amhrastach, chomh maith le cásanna ionchúisimh eile ar tugadh treoir ina leith i rith na mblianta roimhe seo.	Déileádh le himeachtaí cúirte nua in aghaidh 1,907 amhrastach, chomh maith le cásanna ionchúisimh eile ar tugadh treoir ina leith i rith na mblianta roimhe seo	Déileáil le himeachtaí cúirte ar díotál a eascraíonn as treoir ionchúisimh i rith na bliana 2010 in aghaidh tuairim is 1,800 amhrastach, chomh maith le cásanna ionchúisimh eile ar tugadh treoir ina leith i rith na mblianta roimhe seo.	Déileádh le 1,722 imeacht cúirte nua in aghaidh amhrastach, chomh maith le cásanna ionchúisimh eile ar tugadh treoir ina leith i rith na mblianta roimhe seo
Déileáil go díreach le tuairim is 2,300 comhad ionchúisimh maidir le Cúirteanna Dúiche Bhaille Átha Cliath.	Tháinig 2,026 comhad agus déileáil le leo	Déileáil go díreach le tuairim is 2,000 comhad ionchúisimh maidir le Cúirteanna Dúiche Bhaille Átha Cliath.	Tháinig 2,092 comhad agus déileáil le leo
Déileáil le tuairim is 2,500 cás achomhairc maidir leis an gCúirt, achomharc i gcásanna arna n-ionchúiseamh ag an nGarda Síochána faoi údarás tarmilgthe san áireamh.	Tháinig 2,568 comhad agus déileáil le leo	Déileáil le tuairim is 2,500 cás achomhairc maidir leis an gCúirt, achomharc i gcásanna arna n-ionchúiseamh ag an nGarda Síochána faoi údarás tarmilgthe san áireamh.	Tháinig 2,178 comhad agus déileáil le leo
Déileáil le tuairim is 2,200 larratas ar Bhannaí san Ard-Chúirt agus le tuairim is 350 cás faoi Athbheithniú Breithiúnach.	Tháinig 2,044 larratas ar Bhannaí agus 336 cás faoi Athbheithniú Breithiúnach agus déileáil le leo	Déileáil le tuairim is 2,000 larratas ar Bhannaí san Ard-Chúirt agus le tuairim is 350 cás faoi Athbheithniú Breithiúnach.	Tháinig 2,315 larratas ar Bhannaí agus 307 cás faoi Athbheithniú Breithiúnach agus déileáil le leo

## 2.7 SAORÁIL FAISNÉISE

**2.7.1** Foráiltear le halt 46(1)(b) den Acht um Shaoráil Faisnéise (FOI), 1997 ceart rochtain a fháil ar thaifid a bhaineann le riarachán ginearálta na hOifige agus sin amháin. Is éard a chiallaíonn sé sin nach bhfuil na taifid a bhaineann le comhaid ionchúisimh coiriúla inrochtana faoin Acht um Shaoráil Faisnéise..

**2.7.2** Leanann an Oifig ag cur eolais Shaoráil Faisnéise ar fáil chomh éasca agus is féidir. Tá ár Leabhar Tagartha ar Alt 15 agus 16 le fáil ar ár láithreán gréasáin, [www.dppireland.ie](http://www.dppireland.ie). Léirítear gnó na hOifige san fhoilseachán sin lena n-áirítear na cineálacha taifead a choimeádtar.

**2.7.3** Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an aonad um Shaoráil Faisnéise ar an teileafón (01-678 9222) nó trí ríomhphost a sheoladh chuig [foi@dppireland.ie](mailto:foi@dppireland.ie). Is féidir leas a bhaint as an seoladh ríomhphoist sin chun fiosrúcháin ghinearálta a dhéanamh maidir le FOI ach ní féidir é a úsáid chun iarratas a dhéanamh sa chás go mbíonn táille iarratais de dhíth.

**2.7.4** Ceithre iarratas déag a cuireadh faoi bhráid na hOifige i rith na bliana 2010. Diúltaíodh faoin Acht do cheithre cinn de na hiarratais agus bhí sé cinn de na hiarratais a tarraingíodh siar nó ar déileáil leo taobh amuigh de chúrsaí FOI. Aontaíodh an fhaisnéis a ghéilleadh nó a ghéilleadh i bpáirt i gcás ceithre cinn de na hiarratais. Ba í an chúis a bhí le diúltú faisnéis a ghéilleadh nach le riarachán ginearálta na hOifige a bhain na taifid a bhíodhas a iarraidh.

**2.7.5** Iriseoirí a chuir isteach ceithre cinn de na hiarratais agus ba dhaoine den phobal a chuir isteach na deich gcinn eile. Ba le comhaid choiriúla (go hiomlán nó i bpáirt) a bhain naoi gcinn de na ceithre iarratas déag a tháinig.

**2.7.6** Maidir leis na ceithre chás inar diúltaíodh faisnéis a ghéilleadh, níor iarr ach aon iarratasóir amháin go dtabharfaí an chéad bhreith faoi athbhreithniú inmheánach. Tarraingíodh siar an t-iarratas sin ina dhiaidh sin. Ní dhearnadh aon iarratasóir achomharc faoi bhreith ar bith leis an gCoimisinéir Faisnéise.

### Iarrataí a Fuarthas 2010

Diúltaithe faoi alt 46(1)(b)	4
Tarraingthe siar / déileáilte leo lasmuigh den tSaoráil Faisnéise	6
Requests Granted / Part Granted	4

**IOMLÁN NA N-IARRATAÍ 14**

### Iarratóirí 2010

Iriseoir	4
An Pobal i gCoitinne	10

### Athbhreithnithe 2010

Iarrataí ar Athbhreithniú Inmheánach	1
Iarrataí chuig an gCoimisinéir Faisnéise ar Athbhreithniú	0

# 2.8 TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

## MAIDIR LE HÉIFEACTÚLACHT

### FUINNIMH 2010

#### LÉARGAS GINEARÁLTA AR AN ÚSÁID FUINNIMH 2010

- 2.8.1** I rith na bliana 2010, d'ídigh Oifig an Stiúrtóra lonchúiseamh Poiblí 1,927.30 MWh fuinnimh. Baineann an t-ídiú fuinnimh sin le spás a théamh, cóiriúchán aeir, uisce te, soilse, córais ríomhaireachta agus trealamh oifige de chineálacha eile sa dá áras oifige, i Sráid Mhuirfean agus i Sráid an Rí Thuaidh.

Is mar seo a leanas a dhéantar an figiúr sin a ríomh:

- 1,036.10 MWh ó Leictreachas
- 891.20 MWh ó Ghás Nádúrtha

#### BEARTA A RINNEADH I RITH NA BLIANA 2010

- 2.8.2** D'oibrigh an Oifig go dlúth i rith na bliana 2010 le foireann Oifig na nOibreacha Poiblí (an OPW), conraitheoirí cothabhála éagsúla agus le comhairleoirí seachtracha arna gceapadh ag an OPW d'fhonn feabhas a chur ar chúrsaí éifeachtúlachta maidir le foirgnimh na hOifige. I measc na mbearta a rinneadh i rith na bliana 2010, bhí siad seo a leanas

- Rinneadh obair chothabhála go rialta ar an gcóras HVAC d'fhonn cinntiú go mbíonn an córas ag obair le barr éifeachtúlachta agus go gcuirtear fabhtanna / fadhbanna ina gceart gan mhoill.
- Rinneadh tástáil ar an bhfoirgneamh i Sráid an Rí Thuaidh i ndáil leis an díonadh ar aer. Cuireadh fabht a bhí sa chóras astarraingthe aeir ina cheart rud a raibh de thoradh air

gur laghdáíodh an méid fuinnimh a bhí á ídiú agus gur íslíodh an costas oibriúcháin. Tá bearta eile maidir le caomhnúchán fuinnimh á meas ag an OPW.

- Trí chaidreamh leanúnach leis an OPW agus leis an gComhairleoir M & E atá ceaptha acusan, tá curtha ag an bhfoireann bainistíochta san Oifig leis an gcleachtadh agus leis an lón eolais maidir le Córas Bainistíochta Foirgnimh (BMS) na hoifige, córas ríomhaireachta atá leagtha amach chun bainistíocht agus rialáil a dhéanamh ar an úsáid fuinnimh, a rith.
- Chuir an Oifig tús le feachtas eolais, trí chomharthaí a úsáid, d'fhonn lucht na foirne a chur ar an airdeall maidir le cúrsaí fuinnimh e.g. úsáid níos minice a bhaint as an staighre seachas as an ardaitheoir, soilse, soicéid leictreachais agus aonaid cóiriúcháin aeir a mhúchadh nuair nach mbíonn siad in úsáid. Táthar ag moladh don lucht foirne chomh maith a gcuid ríomhairí a mhúchadh go hiomlán ar an lá oibre a chríochnú.

#### BEARTA ATÁ LEAGHTA AMACH A DHÉANAMH I RITH NA BLIANA 2011

- 2.8.3** Ar na bearta atá leagtha amach le déanamh i rith na bliana 2011, tá siad seo a leanas:

- Feachtas feasachta leanúnach trí chomharthaí a úsáid.
- Athrú go dtí bolgáin solais atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh i ngach cás is féidir.



- BMS a thabhairt chun cinn ionas gur mbíonn leibhéal uathobriúcháin níos airde ag baint le hoibriú na gcóras chun spás agus uisce a théamh.
- Forfheabhsúchán ar an gcóras coire agus córas nua BMS a chur ar fáil don fhoirgneamh i Sráid Mhuirfean.
- An t-ídiú leictreachais i rith na hoíche a scrúdú i gcomhairle leis an Aonad TE san Oifig.

# CUID 3:

## CORA NUA I GCÚRSAÍ DLÍ

---

# 3.1 CORA NUA I GCÚRSAÍ DLÍ 2010

**3.1.1** Is é cuspóir atá leis an gcaibidil seo athbhreithniú gairid a chur i láthair faoi na breitheanna is mó tábhachta nó is mó díol spéise i réimse an dlí choiriúil i rith na bliana 2010. Ar aon dul leis na blianta roimhe seo, roghnaítear na cásanna sa chaoi is go dtugtar blas ar chineál na saincheisteanna dlí a thagann chun cinn i réimse an dlí choiriúil. Níl sé i gceist go ndéanfaí athbhreithniú cuimsitheach sa chaibidil seo ar gach cor dar tháinig chun cinn i ndáil leis an dlí coiriúil i rith na bliana. Is iad seo a leanas na cúig réimse dlí ar roghnaíodh cásanna samplacha a bhaineann leo: cásanna faoi athbhreithniú breithiúnach, cásanna a tugadh os comhair na Cúirte Achomhairc Coiriúla, cásanna maidir le tiomáint agus ólachán, iarratais *habeas corpus* agus iarratais ar bhannaí san Ard-Chúirt.

## CÁSANNA FAOI ATHBHREITHNIÚ BREITHIÚNACH

### BUNÁBHAR FÍSTÉIPE NACH RAIBH LE FÁIL

**3.1.2** Sa chás *Paul Byrne v. an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí* [2010] IESC 54, cuisíodh an t-iarratasóir sa Chúirt Dúiche mar gheall ar ionsaí agus cionta maidir leis an ord poiblí a líomhnaíodh a tharla in ollmhargadh. Rinneadh taifeadadh den eachtra ar chóras teilifíse cúngraoin. De réir mar a thit amach, ní raibh an bunábhar scannáin teilifís cúngraoin ar fáil feasta sa chaoi is go bhféadfadh an t-iarratasóir é a scrúdú ach chuir na Gardaí ocht gcinn de phictiúir dhaite den eachtra ar fáil dó a priontáladh ó ghrianghrafanna aonfhráma a baineadh as an scannán. Thionscain an t-iarratasóir athbhreithniú breithiúnach ag féachaint le cosc a chur ar a thriail, arna áiteamh gur fhág cliseadh na nGardaí maidir leis an lón scannáin

a cheapadh nach bhféadfaí é a thriail go cóir cothrom. Dhiúltaigh an Chúirt Uachtarach an t-iarratas agus tugadh de bhreith nach raibh ábhar na cúise tugtha níos faide chun cinn ná an argóint 'ní dhéantar ionchúiseamh mura mbíonn fístéip ar fáil'. Níorbh é tuairim na Cúirte Uachtaraí go raibh an fhianaise scannáin nach raibh ar fáil bunúsach maidir leis an gcúis a bhí á cur chun tosaigh ag an lonchúiseamh. Tugadh chun aire go raibh, chomh maith leis an lón scannánaíochta, fianaise dhíreach á tabhairt ag finnéithe a bhí san ollmhargadh agus a chonaic an eachtra. Chomh maith leis na finnéithe sin, is san ollmhargadh a rinne na Gardaí an t-iarratasóir a ghabháil agus bhí cuid den eachtra feicthe ag na Gardaí sin. D'fhéadfadh cúirt na trialach na grianghrafanna aonfhráma a choinneáil amach dá dtiocfadh an chúirt sin ar an mbreith go mbeadh a gcur i láthair nuair nach raibh an bunábhar fístéipe ar fáil ina éagóir ar an iarratasóir.

### FEITHICIL NACH RAIBH AR FÁIL LE CUR FAOI SCRÚDÚ

**3.1.3** Sa chás *Patrick Irwin v. an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí* [2010] IEHC 25, ba dírithe ar an iarratasóir a bhí feachtas faireachais de chuid na nGardaí mar gheall ar bheart tráchtála drugaí líomhnaithe. Thug na Gardaí ceann de na carranna a úsáideadh le linn na beartaíochta sin agus a bhí á thiomáint ag an té a rinne an seachadadh líomhnaithe ar ais don té sin tar éis do na Gardaí scríobh chuig aturnaetha an iarratasóra ag fiafraí díobh an raibh siad ag iarraidh go gcuirfí an carr faoi scrúdú neamhspleách. Chuir dlíodóir an iarratasóra freagra ag rá go raibh an cinneadh ina leith sin á fhorchoimeád aige agus ag iarraidh go gcaomhnófaí an dá charr ionas go bhféadfaí iad a chur faoi scrúdú dlí-eolaíochta.

Níor tharla aon ní seachas sin i ndáil leis an gcarr atá faoi chaibidil a scrúdú go raibh an triail ar bun sa bhliain 2007, níos mó ná bliain dar gcionn. D'iarr an t-iarratasóir athbhreithniú breithniúnach i mí Eanáir 2009 ar an mbunús nach raibh an carr ar fáil feasta lena chur faoi scrúdú. Rinne an Ard-Chúirt an t-iarratas a dhíbhe ar a thabhairt de bhreith nach raibh, agus nach bhféadfadh a bheith, aon fhaisnéis a bhféadfadh leas ná tairbhe dá laghad a bheith ag an iarratasóir aisti a bheadh tagtha chun cinn ná tugtha chun aire murach aon 'chliseadh', mar dhea, nuair nár choinnigh na húdaráis an carr.

### MOILL MAIDIR LE CÚISÍ A CHÚISEAMH NÍ FÁL GO HAER É

- 3.1.4** Sa chás *F.B. v. an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí* [2010] IEHC 229, cúisíodh an t-iarratasóir i gcuid mhór cionta gnéis. Rinne sé iarratas leis an Ard-Chúirt go gcuirfí cosc ar a thriail arna áiteamh nach raibh ar a chumas cur in aghaidh na gcúiseanna go leordhóthaineach mar gheall go mba tráth níos faide ná 30 bliain roimhe sin a tharla na cionta a bhí líomhanta. D'áitigh sé os comhair na hArd-Chúirte go raibh dochar á dhéanamh dá chás mar gheall go raibh finnéithe áirithe a fuair bás idir an dá linn agus go raibh deacracht teacht ar fhinnéithe eile. D'áitigh an Stiúrthóir nach raibh aon ní eisceachtúil ag baint leis an gcás agus nach raibh aon bhaol ann nach go cóir cothrom a chuirfí an t-iarratasóir ar a thriail. D'áitigh an Stiúrthóir chomh maith nach raibh 'moill gearánaí', ó tugadh breith na Cúirte Uachtaraí sa chás *H. v. an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí* [2007] 1 ILRM 401, ina fhoras ar a n-éireadh le hiarratas ar athbhreithniú breithiúnach. Rinne an Ard-Chúirt an t-iarratas a dhíbhe agus tugadh de bhreith nach dócha go ndéanfaí dochar ar aon bhealach dáiríre don iarratasóir maidir le cur in aghaidh na gcúiseanna. Aon dochar a d'áitigh seisean a bheith i gceist dósan, ba léir gur den chineál é a bhféadfadh breitheamh na trialach déileáil leis trí threoracha agus rabhadh cuí a thabhairt ina leith, agus nárbh den chineál é ar dhócha go dtiocfadh i gceist dá bharr go mbeadh baol dáiríre ann nach gcuirfí ar a thriail go cóir é.

### ACHOMHARC LEIS AN GCÚIRT CHUARDA AN LEIGHEAS CUÍ

- 3.1.5** Sa chás *Phelim Doyle v. an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí* [2010] IEHC 287, ciontaíodh an t-iarratasóir i gcion maidir le tiomáint faoi thionchar dí. D'áitigh seisean nár cheart don Bhreitheamh sa Chúirt Dúiche é a bheith ciontaithe aige ó tharla nach raibh dóthain fianaise os comhair na Cúirte chun sin a dhéanamh. Rinne sé iarratas leis an Ard-Chúirt go gcuirfí an ciontú ar ceal. Dhiúltaigh an Ard-Chúirt den iarratas sin uaidh. Ba é breith na Cúirte gurbh achomharc leis an gCúirt Chuarda an leigheas cuí ar cheart don iarratasóir é a bheith lorgtha aige ó tharla gur cas a bhí ann a bhain go hiomlán le ceist dóthaineachta na fianaise a tugadh i láthair sa Chúirt Dúiche. D'áitigh an Ard-Chúirt nár cheart leigheas an athbhreithnithe breithiúnaigh a cheadú ach amháin i gcás ina raibh locht bunúsach ar na himeachtaí mar gheall ar éagóir nó iompar míchuí a bhain go dílis leis an éisteacht.

### DIÚLTAÍTEAR IARRATAS AR GHIÚIRÉ DÁTHEANGACH

- 3.1.6** Sa chás *Peadar Ó Maicín v. an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí* [2010] IEHC 179, cúisíodh an t-iarratasóir sa Chúirt Chuarda i ndáil le cion ionsaithe. Ba mhian leisean gur i nGaeilge a thabharfaí an chúis. Rinne sé iarratas le breitheamh na trialach go mbeadh giúiré dátheangach ann a d'fhéadfadh éisteacht le fianaise i nGaeilge gan cabhair ó fhear teanga. D'áitigh sé go raibh caighdeán na teangaireachta a cuireadh ar fáil dó go dtí sin go dona. Dhiúltaigh an Chúirt Chuarda an t-iarratas sin uaidh agus rinne sé iarratas ar an Ard-Chúirt maidir le hathbhreithniú breithiúnach ar an mbreith sin. Dhiúltaigh an Ard-Chúirt don iarratas arna thabhairt de bhreith go bhféadfadh giúiré a roghnú de réir cumas teanga claonadh i gceist leis an ngiúiré nach mbeadh de réir alt 5 d'Acht na nGiúiréithe 1976. Roghnaítear giúiré ó chlár toghthóirí an cheantair giúiré sin. Is trí shampláil randamach a dhéantar an roghnú. Ní féidir srian a chur ar an rogha ar bhealach

ar bith, mar shampla, de réir claonadh polaitíochta, creideamh, sainiúlacht cultúir ná cumas teanga.

### TIOMÁINT GAN ÁRACHAS

- 3.1.7** Sa chás *Paul Freeman v. an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí* [2010] IEHC 379, stop Garda an t-iarratasóir agus é ag tiomáint feithicle dá chuid féin agus iarradh air dearbhú árachais a chur ar fáil ag a rogha beairic Gardaí taobh istigh de thréimhse deich lá. Nuair a d'éiligh an Garda an dearbhú árachais, níor inis sé don iarratasóir gur de bhun chumhacht reachtúil faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre a bhí an t-éileamh á dhéanamh agus níor inis sé dó an toradh a bheadh ar chliseadh an coinníoll a chomhlíonadh. Níor cuireadh an dearbhú árachais i láthair riamh ag an mbeairic agus lean an Garda ar aghaidh leis an iarratasóir a ghairm os comhair cúirte mar gheall ar chion nach raibh árachas aige. Chuir an Chúirt Dúiche an chás faoi bhráid na hArd-Chúirte i bhfoirm chás sonraithe comhairliúcháin ag iarraidh tuairim na Cúirte sin ina leith. Ba í an cheist a cuireadh cibé an raibh dlite ar an ionchúiseamh a chruthú i bhfoirm fianaise go ndearnadh an t-éileamh dearbhú árachais a thabhairt i láthair de bhun bunús dlí, eadhon alt 69 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961 agus go ndearnadh chomh maith an t-iarratasóir a chur ar an eolas faoin toradh a bheadh ar chliseadh déanamh de réir an ní a éilítear faoin reachtaíocht. Ba é breith na hArd-Chúirte go mba é cúram bhreitheamh na trialach cinneadh i gcúinsí uile an cháis cibé an raibh an t-iarratasóir eolach ar an gcumhacht faoin reachtaíocht a éileamh go gcuirfí an dearbhú árachais i láthair agus ar an toradh a thiocfadh ar chliseadh déanamh dá réir sin. Ní raibh dlite ar an ionchúiseamh a chruthú mar chuid den fhianaise gur cuireadh in iúl don iarratasóir go mbeadh cion coiriúil á dhéanamh aige sa chás go gclisfeadh air déanamh de réir an éilimh.

### AN CION IS MÍ-ORD FORÉIGNEACH

- 3.1.8** Sa chás *Keith Ring agus Shannon Keohane v. an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí* [2010] IEHC 186, rinneadh scrúdú maidir leis an gcion is 'mí-ord foréigneach'. Cúisíodh an bheirt iarratasóirí

sa Chúirt Dúiche i gcion mí-ord foréignigh. Bhí cúis i gcion mí-ord foréignigh in aghaidh an tríú duine ann chomh maith ach tarraingíodh siar an chúis sin tráth níos faide anonn mar gheall ar fhabht a bheith ag baint leis an toghairm a seirbheáladh air. D'iarr na hiarratasóirí go ndéanfaí na cúiseanna a dhíbhe arna áiteamh go n-éilítear faoin reachtaíocht gur cheart ar a laghad tríúr a chúiseamh i gcion mí-ord foréignigh. Shonraigh Breitheamh na Cúirte Dúiche chás a cuireadh faoi bhráid na hArd-Chúirte de réir na ceiste seo a leanas: "sa chás go n-éilítear maidir leis an gcion is mí-ord foréigneach go mbeadh tríúr nó líon daoine is mó ná sin i láthair ionas gur féidir bheith ciontach sa chion sin, an bhfuil an Chúirt i dteideal daoine a chiontú sa chás nach ndéantar ach beirt a ionchúiseamh?" Thug an Ard-Chúirt freagra mar seo a leanas ar an gcás sonraithe: Má bhí Breitheamh na Cúirte Dúiche cinnte ón bhfianaise go raibh an bheirt iarratasóirí in éineacht leis an tríú duine páirteach i mí-ord foréigneach, d'fhéadfadh sí ar an mbunús sin duine ar bith acu nó an bheirt acu a chiontú, ainneoin an chúis in aghaidh an tríú duine a tharraingt siar.

### AN CION IS BRISEADH SÍOCHÁNA

- 3.1.9** Sa chás *Rory Brady v. an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí* [2010] IEHC 231, cúisíodh an t-iarratasóir i gcion an tsíocháin a bhriseadh, in aghaidh an dlí choitinn. D'fhéach sé le dearbhú a fháil ón Ard-Chúirt nach raibh an chúis gur briseadh an tsíocháin ina chion aitheanta faoin dlí. D'áitigh an Stát go raibh de cheangal ar an Ard-Chúirt de réir fhoirceadal an fhasaigh (stare decisis) seasamh leis an mbreith a thug an Ard-Chúirt roimhe sin sa chás *Thorpe v. an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí* [2007] 1 IR 502. D'áitigh an t-iarratasóir gur tugadh an bhreith i gcás Thorpe go mícheart. Dhiúltaigh an Ard-Chúirt don iarratas arna thabhairt de bhreith go raibh ráitis shoiléire ó bhreitheanna cúirte roimhe seo arna lua go raibh cion is briseadh síochána sa dlínse seo faoin dlí coiteann. I gcás Thorpe, ba bhreith den sórt sin ab ábhar go sonrach don chás sonraithe.

## PLÉADÁIL MAIDIR LE CONTÚIRT DHÚBAILTE (AUTREFOIS ACQUIT)

**3.1.10** Sa chás *Janine Cleary v. an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí* [2010] IEHC 100, d'iarr an t-iarratasóir urghaire ar an Ard-Chúirt lena srianfaí an Stiúrthóir óna hionchúiseamh i gcion ionsaithe in aghaidh alt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997. Toghairmeadh an t-iarratasóir tráth ba luaithe ná sin chun teacht os comhair na Cúirte Dúiche maidir leis an gcion céanna sin ach rinneadh an cás a dhíbhe mar gheall ar neamhtheacht i láthair an Gharda ionchúisimh. Bhí an cás liostaithe maidir lena éisteacht ach níor éisteadh le haon fhianaise sa Chúirt nuair a rinneadh an cás a dhíbhe. Rinneadh ansin an t-iarratasóir a chúiseamh sa chion in athuair. D'áitigh sise gurbh mí-úsáid as an bpróiseas a bhí ina cúiseamh in athuair agus go raibh ordú na Cúirte Dúiche lena ndearnadh an cás a dhíbhe ina bhac in aghaidh aon ionchúiseamh sa bheis air sin a thabhairt ina haghaidh ag eascairt as an gcúis chéanna. Áitíodh thar ceann an Stiúrthóra nach raibh an t-iarratasóir riamh i gcontúirt a ciontaithe sa Chúirt Dúiche mar gheall nár tharla aon éisteacht dáiríre ar thuillteanais an cháis agus nach bhféadfadh dá bhrí sin aon phléadáil maidir le contúirt dhúbailte (autrefois acquit) a theacht chun cinn. Dhiúltaigh an Ard-Chúirt an triail a thoirmeasc, arna thabhairt de bhreith go raibh Ordú 23 Riail 3 de Rialacha na Cúirte Dúiche 1997 glan soiléir gan athbhrí agus gur tugadh de chumhacht leis sin do Bhreitheamh de chuid na Cúirte Dúiche cás a dhíbhe ar an mbonn nár tháinig an t-ionchúisitheoir i láthair ar an mbonn sin amháin go rabhthas á dhíbhe gan dochar. D'fhéadfaí dá bhrí sin a thuiscint go raibh i gceist ag Breitheamh na Cúirte Dúiche an cás a dhíbhe ar an mbealach a ndéantar soláthar dó le hOrdú 23, riail 3 de Rialacha na Cúirte Dúiche.

## AN CHÚIRT ACHOMHAIRC CHOIRIÚIL

### ATHBHREITHNIÚ DE CHUID AN STIÚRTHÓRA MAR GHEALL AR PHIANBHREITH RÓTHRÓCAIREACH (ROBÁIL)

**3.1.11** Sa chás *An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. James Halligan*, an Chúirt Achomhairc Choiriúil, an 15 Feabhra 2010, ex tempore, bhí pléadáilte ciontach ag an bhfreagróir i gcionta maidir le robáil, príosúnú neamhdhleathach agus scian a bheith ina sheilbh aige. Le linn na robála rinne an freagróir an t-íospartach a scoradh san éadan. Ghearr breitheamh na trialach pianbhreith iomlán de ceithre bliana príosúin ar an bhfreagróir agus an dá bhliain dheireanacha acu sin ar fionraí. D'iarr an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí go ndéanfaí athbhreithniú ar an bpianbhreith ar fhoras í a bheith róthrócaireach gan chúis leis sin. Thug an Chúirt Achomhairc Choiriúil de bhreith go raibh earráid ó thaobh prionsabail i gceist leis an bpianbhreith. Ba é breith na Cúirte go ndearna breitheamh na trialach earráid tríd an gcion a shonrú le réimse lena mbaineann an phianbhreith a gearradh. Ainneoin pléadáil chiontach, bhí cineál tromchúiseach agus tréithe foréigin na gcionta tugtha san áireamh ag cúirt na trialach. Thug an Chúirt Achomhairc Choiriúil chun aire gur léiríodh sa tuarascáil ón tSeirbhís Phromhaidh go raibh baol mór ann i ndáil leis an bhfreagróir go ndéanfaí cion arís. Cuireadh leis an bpianbhreith gur gearradh sé bliana príosúin.

### ATHBHREITHNIÚ MAR GHEALL AR PHIANBHREITH RÓTHRÓCAIREACH (ROBÁIL AGUS DRUGAÍ RIALAITHE)

**3.1.12** Sa chás *An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Gerard Delaney*, an Chúirt Achomhairc Choiriúil, an 21 Meitheamh 2010, ex tempore, bhí pléadáilte ciontach ag an bhfreagróir sa Chúirt Chuarda i robáil dhá ollmhargadh agus i ndruga rialaithe a bheith ina sheilbh aige. Ghearr breitheamh na trialach dhá bhliain príosúin in iomláine de phianbhreith air. D'iarr an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí athbhreithniú maidir leis an bpianbhreith ar an bhforas go mba róthrócaireach í gan

chúis leis sin i bhfianaise chineál, chúinsí agus thromchúis na gcionta a bhí i gceist. Baineadh úsáid as scian le linn an dá chion robála agus rinneadh imeaglú ar lucht foirne an dá ollmhargadh agus bagairt ina n-aghaidh. Áitíodh chomh maith nár thug breitheamh na trialach aird dhóthaineach ar luach na ndrugaí a fuarthas agus ar an bhfreagróir a bheith ciontaithe i gcionta roimhe seo, cionta maidir le drugaí ina measc. Thug an Chúirt Achomhairc Choiriúil de bhreith gur tharla earráid ó thaobh prionsabail i ndáil leis an bpianbhreith a ghearradh. Thug an Chúirt chun aire gur rugadh maol ar an bhfreagróir i mbun an fhoghail maidir le seilbh ar na drugaí agus gur lú dá bhrí sin a bhí an phléadáil ciontach le tabhairt san áireamh. I ndáil leis na cionta robála, imríodh mórshuaitheadh ar an lucht foirne sna hollmhargaí agus bhí scian le lann naon n-orlaí ar iompar ag an bhfreagróir. Ba é breith na Cúirte go ndearna breitheamh na trialach earráid maidir leis an dlí nuair nár tugadh gach cion faoi leith san áireamh agus ionad gach ciona faoi leith acu ar an speictream a mheas sula gcuirfí tosca maolúcháin i bhfeidhm. Cuireadh leis an bpianbhreith gur gearradh cúig bhliana príosúin.

### DIÚLTÚ D'ACHOMHARC MAIDIR LE GÉIRE PIANBHREITHE (DRUGAÍ RIALAITHE)

- 3.1.13** Sa chás *An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Patrick Freeman*, an Chúirt Achomhairc Choiriúil, an 21 Meitheamh 2010, ex tempore, ciontaíodh an t-iarratasóir sa Chúirt Chuarda i ndrugaí rialaithe a bheith ina sheilbh go neamhdhleathach aige d'fhonn a ndíol agus sin in aghaidh alt 15A den Acht um Mí-Úsáid Drugaí 1977, arna leasú. Rugadh air agus é i seilbh luach isteach is amach le €33,000 de channabas. D'áitigh seisean gur chlis ar an mbreitheamh a ghearr an phianbhreith aird dóthaineach a thabhairt ar cheisteanna áirithe, cineál na ndrugaí a bhí i gceist, luach na ndrugaí sin agus leibhéal intleachta an iarratasóra ina measc. Dhiúltaigh an Chúirt Achomhairc Choiriúil don achomharc, arna thabhairt de bhreith nach rabhthas ag glacadh leis an aighneacht go raibh an t-iarratasóir i dteideal a agairt go raibh idirdhealú le

déanamh idir an druga a bhain leis an gcás seo agus druga ar bith eile, chun críocha a áiteamh go ndearna an breitheamh a ghearr an phianbhreith earráid ó thaobh prionsabail. Ar na ceisteanna ar fad a thabhairt faoi mheas, ní raibh aon earráid ó thaobh prionsabail i gceist leis an mbealach inar leag an breitheamh a ghearr an phianbhreith amach an phianbhreith sin.

### DIÚLTÚ D'IARRATAS CIONTÚ A CHUR AR CEAL (DRUGAÍ RIALAITHE)

- 3.1.14** Sa chás *An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Daniel Goulding*, gan tuairisc, an Chúirt Achomhairc Choiriúil, an 29 Iúil 2010, ciontaíodh an t-iarratasóir sa Chúirt Chuarda de bhun alt 15 agus alt 15A den Acht um Mí-Úsáid Drugaí 1977, arna leasú, as drugaí a bheith ina sheilbh aige go neamhdhleathach. D'iarr sé cead achomharc a dhéanamh in aghaidh an chiontaithe sin ar fhoras go ndearna breitheamh na trialach earráid nuair nár tarraingíodh an cás siar ón ngiúiré nuair a cuireadh faoi bhráid na cúirte nach raibh cruthaithe ag an ionchúiseamh go raibh seilbh aige ar na drugaí. Ba í an fhianaise bhuntábhachtach in aghaidh an iarratasóra an fhianaise a thug finné neamhspleách go bhfacthas pacáiste á chaitheamh ó dhoras an phaisinéara ar charr ina raibh an t-iarratasóir ina phaisinéir. Ghabh na Gardaí an pacáiste sin gan moill ar bith ar éigin agus fuarthas amach go raibh luach €70,000 cócaoin ann. Shéan an t-iarratasóir eolas ar bith a bheith aige faoin bpacáiste. Ní raibh an Garda agus an finné neamhspleách ar aon intinn maidir le cuma an phacáiste. Cuireadh faoi bhráid, thar ceann an iarratasóra, ag deireadh chúis an ionchúisimh, nach raibh dóthain fianaise ann ar sheilbh ná rialú an phacáiste a bheith ag an iarratasóir. Dhiúltaigh an Chúirt Achomhairc Choiriúil don achomharc uaidh arna thabhairt de bhreith nach mba cás a bhí ann nach raibh fianaise ar bith ann go ndearna an t-iarratasóir an cion a líomhnaíodh. Bhí fianaise an ionchúisimh sa chaoi agus go raibh an iontaofacht nó an t-amhras ina leith ag brath ar iontaofacht na bhfinnéithe, agus ar chúrsaí eile a thagann faoi scáth an ghiúiré. Ar na fíorais a mheas go réasúnach, bhí fianaise ann ar a bhféadfadh giúiré a theacht

go cuí ar bhreith go raibh an t-iarratasóir ciontach. Dá bhrí sin, bhí an breitheamh léannta na trialach i dteideal an cheist a ligean ar aghaidh chun a thriail os comhair an ghiúiré.

### DIÚLTÚ D'IARRATAS FIANAISE NUA A THABHAIRT AR AIRD

- 3.1.15** Sa chás *An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. John Paul Buck*, an Chúirt Achomhairc Choiriúil, an 12 Iúil 2010, d'iarr an t-iarratasóir cead fianaise bhreise a thabhairt ar aird d'fhonn a chiontú i ndúnmharú agus i loisceadh a chur ar ceal. D'áitigh sé go raibh roinnt ceisteanna ag baint leis an bhfoláireamh don chúisí ar a ghabháil an chéad uair agus leis an ráiteas admhála (ciontachta) a d'fhág an ciontú fabhtach. Anuas air sin, tarraingíodh anuas ceisteanna maidir le páirt bhreitheamh na trialach roinnt blianta roimhe sin ina abhcóid dó i gcás ina raibh an t-iarratasóir ina fhinné tábhachtach ina leith agus nach raibh an fhianaise a thug an t-iarratasóir ag teacht leis an ráiteas fianaise a cuireadh i láthair agus gur caitheadh leis dá bhrí sin mar fhinné naimhdeach. Áitíodh gur fhág sin claonadh ó thaobh oibiachtúlaithe sa chás. Tarraingíodh anuas argóint freisin maidir le tráchtairacht i bpáipéir nuachta agus ar an raidió le linn na trialach ar dhuine éalú óna choinneáil ar coimeád agus gur tháinig chun follais go mba deartháir leis an gcúisí an duine sin. Dhiúltaigh an Chúirt Achomhairc Choiriúil don iarratas seo. Ba í an tástáil a bhí le déanamh i ndáil le hiarratais den chineál seo an tástáil seo a leanas: ar an gcéad dul síos, ní mór an fhianaise nua a bheith inchreidte; ar an dara dul síos, níor mhór í a bheith ina fianaise nach raibh ar fáil tráth na trialach; agus ar an tríú dul síos, níor mhór í a bheith ina fianaise ar dhócha go mbeadh tionchar tábhachtach imrithe aici ar thoradh na trialach. Is i gcúisí eisceachta amháin a cheadódh Cúirt Achomhairc go dtabharfaí fianaise nua. Níorbh í tuairim na Cúirte go mba fianaise ábhartha an fhianaise nua.

## CÁSANNA MAIDIR LE TIOMÁINT AGUS ÓLACHÁN

### IARRATAS MAIDIR LE HEOLAS A NOCHTADH

- 3.1.16** Sa chás *John Morgan v. an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí* [2010] IEHC 65, cúisíodh an t-iarratasóir i gcion maidir le tiomáint agus é ar meisce agus rinne sé iarratas leis an gCúirt Dúiche maidir le taifid faoi chothabháil ar an Lion Intoxilyser 6000 IRL a nochtadh. D'áitigh an Stiúrthóir nach raibh gá leis an iarratas maidir leis na taifid sin a nochtadh ar an mbunús nach raibh léirithe ag an iarratasóir go raibh gá leis na taifid a bhí i gceist don chosaint in aghaidh na cúise agus diúltaíodh a cheadú go nochtófaí na taifid sin. Rinne an t-iarratasóir ansin iarratas eile maidir leis na taifid a fháil os comhair Bhreitheamh eile de chuid na Cúirte Dúiche tráth ba dheireanaí ná sin. D'aontaigh an dara Breitheamh sin de chuid na Cúirte Dúiche leis an Stiúrthóir agus diúltaíodh an t-iarratas maidir leis na taifid a nochtadh ach deimhníodh go bhféadfaí iarratas a dhéanamh in athuair le linn an cás a éisteach os comhair Bhreithimh eile. Iarradh tuairim na hArd-Chúirte faoin gceist. Ar an iarratas a dhiúltú, dheimhnigh an Ard-Chúirt gurbh cheist í an cheist maidir leis na taifid a nochtadh a raibh déileáilte go cuí léi cheana féin faoin am ar thug an dara Breitheamh de chuid na Cúirte Dúiche breith ar an gceist. D'aontaigh an Ard-Chúirt go mba léir ó bhreith an dara Breitheamh de chuid na Cúirte Dúiche go bhféadfadh an t-iarratasóir, ach a bheith ar a chumas a léiriú go raibh na taifid riachtanach maidir leis an gcosaint in aghaidh na cúise, an t-iarratas a dhéanamh arís le linn éisteacht an cháis.

### IARRATAS MAIDIR LE FEARAS INTOXILYSER A CHUR FAOI SCRÚDÚ

- 3.1.17** Sa chás *Michael Oates v. an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí* [2010] IEHC 381, d'iarr an t-iarratasóir ar an Ard-Chúirt a bhí ciontaithe i dtiomáint agus é ar meisce an ciontú sin a chur ar ceal ar an mbunús gur cheart scrúdú ar an Intoxilyser 6000 IRL le heolaí dlí-eolaíochta a bhí ceaptha aigesean, a bheith ceadaithe ag an mBreitheamh a d'éist an cás. Bhí



iarratas déanta aige an chéad uair sa Chúirt Dúiche maidir leis an scrúdú agus le taifid faoi chúram cothabhála a nochtadh ach dhiúltaigh Breitheamh na Cúirte Dúiche don iarratas sin. Dhiúltaigh an Ard-Chúirt an ciontú a chur ar neamhní agus tugadh de bhreith nach mba ceart glan iomlán ar bhealach ar bith a bhí i gceart fearas a chur faoi scrúdú ná i gceart go ndéanfaí cáipéisíocht a nochtadh agus go raibh déanta mar ba chúí de réir nósanna imeachta córa ag Breitheamh na Cúirte Dúiche. go ndéanfaí cáipéisíocht a nochtadh agus go raibh déanta mar ba chúí de réir nósanna imeachta córa ag Breitheamh na Cúirte Dúiche.

## NOCHTADH AR EOLAS ÓN TRIÚ PÁIRTÍ

**3.1.18** Cúisíodh na hiarratasóirí sa chás *Adam Thompkins agus Martin Aronu (iarratasóirí) v. an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí* [2010] IEHC 58, i gcionta faoi alt 49(1) agus faoi alt 6(a) den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961. Bhí sampla fuail tugtha ag an Uasal Thompkins agus sampla fola tugtha ag an Uasal Aronu. Cuireadh an dá shampla ar aghaidh chuig an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre go gcuirfí faoi anailís iad agus ar an anailís sin a dhéanamh fuarthas amach go raibh drugaí éagsúla i ngach aon sampla acu. Bhí alcól freisin, ar leibhéal a bhí faoin uasteorainn faoin dlí, i ngach aon sampla acu. D'áitigh na hiarratasóirí go raibh gá acu leis an Ard-Chúirt a thabhairt ar an Lia-Bhiúró eolas a chur ar fáil faoin modh ina ndearna an Lia-Bhiúró na tástálacha. Áitíodh go gcuirfeadh an t-eolas sin ar chumas na n-iarratasóirí cur in aghaidh na toimhdean faoin reachtaíocht go ndearnadh na tástálacha anailíse a rinne an Lia-Bhiúró chomh luath agus ba phraiticiúil go réasúnta. Dhiúltaigh an Ard-Chúirt don iarratas ar an mbonn nach féidir i gcás coiriúil a thabhairt ar dhaoine ná ar eintitis nach n-ainmnítear sna himeachtaí eolas a chur ar fáil do pháirtithe sna himeachtaí. Ó tharla nach mba páirtí sna himeachtaí an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre, ní fhéadfaí aon ordú a dhéanamh ina aghaidh. Anuas air sin, ní raibh de chumhacht ag an Stiúrthóir, ná ag an nGarda Síochána, i gcúinsí den chineál seo a thabhairt go dtabharfaí an t-eolas do na hiarratasóirí. Luaigh an Ard-Chúirt ina dhiaidh sin is uile go bhféadfadh na hiarratasóirí dá mba mhian leo sin oifigigh ón Lia-Bhiúró a

ghairm mar fhinnéithe le linn na cosanta agus go bhféadfaidís croscheistiú a dhéanamh ar na hoifigigh sin chun cur in aghaidh na toimhdean go ndearnadh dáiríre na tástálacha anailíse chomh luath agus ba phraiticiúil.

## FOIRMEACHA NÁR LÍONADH ISTEACH MAR BA CHEART

**3.1.19** Sa chás *An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Bernard Egan* [2010] IEHC 233 (gan tuairisc), cúisíodh an freagróir i dtiomáint agus é ar meisce. Le linn na héisteachta, chuala Breitheamh na Cúirte Dúiche gur fhág an dochtúir a líon amach an fhoirm tar éis sampla fola a thógáil ón gcúisí an séala agus an lipéad ar an ngabhdán bán, gan aon ní a bhreacadh orthu. Tar éis don Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre an sampla a chur faoi thástálacha, deimhníodh ar an dearbhú anailíse nach raibh ainm ar bith luaite ar an ngabhdán, agus gur sonraíodh an uasteorainn faoin dlí a bheith á sárú leis an sampla a cuireadh faoi anailís. D'iarr Breitheamh na Cúirte Dúiche tuairim na hArd-Chúirte an raibh an ceart aige an chás a dhíbhe. Chinn seisean nach ndearnadh de réir fhorálacha alt 18 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1994 de réir mar ba chúí. Dheimhnigh an Ard-Chúirt go raibh na coinníollacha a leagtar síos in alt 18 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1994 soiléir agus gur ghá cloí go géar leo. Ó bhí tugtha d'fhianaise ag an dochtúir nach raibh sin déanta go cuí aigesean, bhí an ceart ag Breitheamh na Cúirte Dúiche a chinneadh nár cuireadh alt 18 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1994 i bhfeidhm mar ba chóir agus deimhníodh go raibh an ceart ag Breitheamh na Cúirte Dúiche an chúis a dhíbhe de réir cúinsí an cháis..

## IARRATAIS HABEAS CORPUS

### TREOIR Ó BHÉAL A CHUR I SCRÍBHINN A LUAITHE IS PRAITICIÚIL SIN A DHÉANAMH

**3.1.20** Sa chás *Christopher Doody Senior v. An Comhalta i gCeannas Beairic na nGardaí Sráid an Stórais* agus sa chás *Anthony Doody v. An Comhalta i gCeannas Beairic na nGardaí An Halla Bán* [2010] IEHC 469 (gan tuairisc)

thapaigh an Ard-Chúirt an deis a mheas cibé an ndearnadh tuairisc i scríbhinn ar threoir a thug Príomhcheannfort duine a choinneáil i mBeairic de chuid an Gharda faoi alt 50(3)(c) den Acht um Cheartas Coiriúil 2007 a bhreacadh síos i scríbhinn a luaithe agus ba phraiticiúil sin. Coinníodh an bheirt iarratasóirí i mBeairic de chuid an Gharda agus chuir na Gardaí síneadh leis na tréimhsí coinneála chomh fada leis an tréimhse is faide a cheadaítear de réir an údaráis a thugtar dóibh chuige sin faoin Acht um Cheartas Coiriúil 2007. Rinne na Gardaí iarratas leis an gCúirt Dúiche maidir le síneadh breise leis an tréimhse coinneála chun leanacht dá gcuid fiosrúcháin, agus le linn don Phríomhcheannfort a chuid fianaise a thabhairt sa Chúirt Dúiche agus ina dhiaidh sin san Ard-Chúirt, dheimhnigh sé nach ndearna sé, ainneoin síneadh a chur leis an tréimhse coinneála trí ordú ó bhéal, tuairisc i scríbhinn a bhreacadh ar an údarú sin go ceann naoi n-uaire chloig go leith agus fiche ina dhiaidh sin. Éilítear faoin Acht um Cheartas Coiriúil 2007 go mbeadh sin déanta aige chomh luath agus ba phraiticiúil é a dhéanamh. Thug an Ard-Chúirt fairsinge, castacht agus scóip an imscrúdúcháin faoi mheas agus bhíodhas den tuairim, i bhfianaise chúinsí an cháis, gurbh de réir an dlí na hiarratasóirí a choinneáil.

mar fhianaise ag éisteacht mar gheall ar bhannaí, ach ní éilítear gur gá don chúirt glacadh leis an bhfianaise sin. Rinne an cúisí achomharc leis an gCúirt Uachtarach in aghaidh dhiúltú na hArd-Chúirte é a ligean amach ar bannaí. D'áitigh sé nach ndearna an Ard-Chúirt an fhianaise a thabhairt faoi mheas go leordhóthaineach. Ba é breith na Cúirte Uachtaraí go ndearna Breitheamh na hArd-Chúirte an fhianaise ar fad a mheas go leordhóthaineach agus tugadh chun aire go háirithe gur luaigh an Breitheamh go raibh an Príomhcheannfort cloiste aige agus gur thug sé aird ar an bPríomhcheannfort agus é ag tabhairt a chuid fianaise agus gurbh é a thuairim gurbh réasúnach agus iontaofa mar fhianaise an méid a bhí ráite ag an bPríomhcheannfort.

## IARRATAIS AR BHANNAÍ

### FIANAISE A THABHAIRT FAOI MHEAS SA CHÚIRT

- 3.1.21** Sa chás *An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Damien Johnston*, gan tuairisc, An Chúirt Uachtarach, an 26 Iúil 2010, bhí bannaí diúltaithe don chúisí ag an Ard-Chúirt, ar fhoras den chuid is mó go mb'fheidir go ndéanadh sé cionta tromchúiseacha eile dá ligfí amach ar bannaí é. Ba í an fhianaise ba thábhachtaí an fhianaise a thug Príomhcheannfort a dúirt go raibh eolas tugtha faoi rún dó a d'fhág gurbh é a thuairim go mba ghá bannaí a dhiúltú chun cionta tromchúiseacha a dhéanamh ag an gcúisí a chosc. Foráiltear faoi Alt 2(a) den Acht um Bannaí 1997 gur féidir fianaise ó Phríomhcheannfort a bheith inghlactha

## 3.2 CÁSANNA ÉIGNITHE

**3.2.1** Tuigean Oifig an Stiúrtóra lonchúiseamh Poiblí go mbionn cinntí ionchúisimh maidir le cionta éignithe thar a bheith goilliúnach. Ní nach ionadh is cionta an-tromchúiseacha iad. Áirítear ar éigniú éigniú faighne, anasach agus béil. Is gá, i ngach cás den chineál sin, a chruthú nár thoiligh an gearánach agus gur thuig an t-amhrastach nár thoiligh nó go rabhthas meargánta maidir lenar thoiligh nó nár thoiligh. Caithfear gach gné den chion a chruthú thar amhras réasúnach.

**3.2.2** Thug an tAonad Polasaí lonchúisimh faoi thionscadal inmheánach taighde le déanaí inar rinneadh staidéar ar na treochtaí maidir le cásanna éignithe sna blianta 2005-2007. An cuspóir a bhí leis an tionscadal ná léiriú cuimsitheach a thabhairt ar an ionchúiseamh a rinneadh ar chásanna éignithe sa dlínse seo le blianta beaga anuas. Tá na príomhthorthaí curtha i láthair sa Chaibidil seo agus áirítear orthu briseadh síos mionsonraithe ar an bpróiseas déanta cinntí ionchúisimh chomh maith le hanailís ar chinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh.

**3.2.3** Tagraítear chomh maith sna torthaí do dhá thionscadal neamhspleácha taighde roimhe seo, Staidéar Hanly "Rape and Justice in Ireland" agus Staidéar O'Mahony ar "Different Systems, Similar Outcomes?" lenar chomhoibriú an Oifig.

**3.2.4** Is cóir a rá ar dtús gur tháinig saincheistean ar leith chun cinn maidir leis an gcineál cásanna a bhí i gceist agus an tslí ar himscrúdaíodh iad:

### AN CINEÁL CIONTA ÉIGNITHE:

- An tsaincheist a bhíonn i gceist i mórchuid cásanna a bhaineann le gearánach a bhíonn inniúil toiliú ná ar thoiligh an té sin nó nár

thoiligh. Tá cionta gnéis ann a bhaineann le leanaí ar féidir iad a ionchúiseamh cibé ar thoiligh an gearánaí nó nár thoiligh.

- Tarlaíonn formhór mór na gcásanna in áiteanna príobháideacha agus gan aon fhinnéithe i láthair. Baineann formhór líomhaintí le hamhrastach a mbíonn aithne ag an bpáirtí díobhálaíthe orthu.

### CIONTA ÉIGNITHE A BHRATH/A IMSCRÚDÚ:

- Tarraingíonn gearánaigh líon suntasach gearán siar arís ina dhiaidh. Tarlaíonn formhór mór den astharraingt sin sula bhfaigheann an Oifig comhad ar bith;
- Baineann líon mór comhad le himeachtaí a líomhnaítear a tharla blianta fada ó shin.

**3.2.5** Is taighde á dhéanamh againn scrúdaíomar breis is 800 comhad a bhain le tréimhse 3 bliana. Baineann an méid seo a leanas le torthaí na hanailíse mionsonraithe a rinneadh ar chomhaid a fuarthas sa bhliain 2005. B'iad na comhaid a roghnaíodh ná comhaid a rangaíodh sa Oifig ar "Chion Éignithe". Níor fhéachamar le hathrangú a dhéanamh ar aon cheann de na comhaid. San áireamh sna comhaid a scrúdaíodh mar sin beidh roinnt cásanna, ar anailís a dhéanamh orthu, gur líomhaint de fhios collaí neamhdhleathach atá i gceist seachas líomhaint éignithe. Ba chóir sin a thabhairt ar aird is muid ag féachaint ar na torthaí maidir le gach cás. Bhí 296 comhad in 2005 a rangaíodh ar an tslí sin ar chion éignithe. Ba ionann sin is 28% de na comhaid iomlána a bhain le cion gnéis a fuarthas in 2005. Ceann de na cúiseanna a bhí le 2005 a roghnú ná lena chinntiú go mbeadh formhór na gcásanna tugtha chun críche sna cúirteanna

(lena n-áirítear achomhairc). Ba chóir mar sin go dtabharfadh sin léargas níos cuimsithí ar chásanna, lena n-áirítear torthaí aon trialach. Chomh maith leis sin scrúdaíodh na blianta 2000-2004 i Staidéar Hanly agus ba cúnamh a bhí leanacht ón anailís sin.

### TORTHAÍ TAIGHDE:

- 3.2.6** Ar scrúdú a dhéanamh ar phróifíl de na gearánaigh sna 296 comhad imscrúdaithe “Éignithe” bhain 93% de chásanna le gearáin a bhain le mná nó cailíní agus 7% le fir agus buachaillí. Bhí 24% de na gearánaigh faoi 18 bliain d’aois an t-am ar tharla an cion líomhnaithe.
- 3.2.7** Bhí an gearánaigh nó an t-amhrastach faoi bhrí meiscigh i 58% de na cásanna. Tá an figiúr sin cuid mhaith níos ísle ná an figiúr a tugadh i staidéir Hanly agus O’Mahony. Ba gearánaigh fásta amháin áfach a bhí sna staidéir sin agus ba chóir go míneodh sé sin na leibhéil sách arda faoi bhrí meiscigh a bhí sna staidéir sin.
- 3.2.8** Tharraing gearánaigh siar a ngearán in 17% de chásanna. Tarraingíodh an gearán siar i bhformhór na gcásanna sin (81.7%) sula bhfuair an Oifig seo an comhad. Arís tá an ráta sin níos lú go maith ná an ráta a tugadh i Staidéar Hanly agus arís an chúis is dócha atá leis ná gur bhain an staidéar seo le cásanna a bhain le daoine fásta agus le leanaí. Bíonn an ráta gearán a tharraingnítear siar níos lú i gcásanna a bhaineann le leanaí ná cásanna daoine fásta. In 1% de na cásanna d’admhaigh an gearánaigh gur gearán bréagach a rinneadh agus bhásaigh an t-amhrastach i gcás amháin. De na 242 cás atá fanta, cinneadh ionchúiseamh a dhéanamh maidir le 66 comhad díobh.

### NA CINNTÍ GAN IONCHÚISEAMH A DHÉANAMH:

- 3.2.9** I dTreoirínte d’Ionchúisitheoirí na hOifige baineann an cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh le dhá chatagóir leathana. Ar gcéad dul síos, mura mbíonn fianaise leordhóthanach ann le hionchúiseamh a dhéanamh. Ar an dara dul síos, cé go mbíonn dóthain fianaise ann le hionschúiseamh a dhéanamh nach é leas an phobail sin a dhéanamh. I bhformhór

mór na gcásanna de chineál gnéis bíonn an cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh bunaithe ar gan fianaise leordhóthanach a bheith ann. Ní thagann an tsaincheist an cibé an é leas an phobail an cás a ionchúiseamh ach amháin má bhíonn an t-amhrastach an-sean nó tinn nó más leanbh é an t-amhrastach. Maidir le leanaí agus nach é leas an phobail ionchúiseamh a dhéanamh d’fhéadfaí cinneadh a ghlacadh an leanbh a chur sa chlár athstíúrtha ógánach nó gan ionchúiseamh a dhéanamh. I bhformhór na gcásanna (58%) bhí fianaise neamhleordhóthanach bunaithe ar fhachtóirí éagsúla mar meisce, saincheisteanna a bhaineann le an bhfuil cuntas an ghearánaigh sochreidte agus iontaofa agus ar mhoill. Cúis amháin ann a bhí i gceist i 42% de na cásanna gan ionchúiseamh a dhéanamh.

- 3.2.10** Maidir le cúiseanna aonair, fianaise neamhleordhóthanach ginearálta an catagóir aonair is mó chomh maith le saincheisteanna i dtaobh sochreidteacht agus iontaofacht gearánaigh ar an gcéad cheann eile is mó. I go leor cásanna bhí an measúnú a rinneadh nach raibh cuntas an ghearánaigh sochreidte nó iontaofa bunaithe ar neamhréireachtaí idir an cuntas a thug siad agus cuntas a thug finnétithe eile, neamhleanúnachas sna cuntais éagsúla a thug gearánaigh nó easpa mionsonraí leordhóthanacha i gcuntas an ghearánaigh.
- 3.2.11** I gcion suntasach de chásanna dúradh go ndearna leibhéil arda meisce lagú ar iontaofacht chuntas an ghearánaigh. Fachtóir mór a bhain le cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh ab ea go raibh an gearánaí thar a bheith ar meisce agus nach raibh an gearánaigh ábalta cuimhneamh ar an gcion líomhnaithe.
- 3.2.12** Moill an chúis ba mhó gan ionchúiseamh a dhéanamh i 9.44% de chásanna. I gcásanna eile, sa chás is gur cúis thánaisteach a bhí i moill, socraíodh gan ionchúiseamh a dhéanamh i bhformhór cásanna mar gheall ar easpa fianaise leighis nó dlíolaíoch a bheith ann de bharr an mhéid ama a bhí caite.

# CUID 4:

## STAITISTICÍ

---

# STAITISTICÍ

## NÓTA MÍNITHE I NDÁIL LE STAITISTICÍ

- 4.1** Cuireadh na staitisticí atá léirithe sa tuarascáil seo le chéile ó chóras nua leictreonach um Rianú Cásanna, Bainistithe Cáipéisí agus Comhad na hOifige a chuaigh beo san Oifig ag deireadh mhí Deireadh Fómhair 2008.
- 4.2** Oibríonn an córas nua ar bhonn lánpháirtithe agus bíonn an uimhir thagartha cáis céanna ag gach gné de chás, ón bpróiseas chur ar aghaidh tosaigh go dtí achomharc sa Chúirt Achomhairc Choiriúil, agus faightear léargas ar na gnéithe éagsúla de chás ach súil tapa a chaitheamh air.
- 4.3** Mar chuid den phróiseas feidhmithe aistríodh sonraí ó na córais IT roimhe seo isteach sa chóras nua. Bhí roinnt bunachar sonraí neamh-chomhoiriúnacha sna córais roimhe seo, agus bhí leibhéal suntasach meáitseála sonraí agus glanadh sonraí i gceist leis na próisis aistrithe sonraí. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh roinnt neamhréireachtaí idir na staitisticí a tógadh ón gcóras nua agus sonraí a léiríodh i dtuarascálacha roimhe seo.
- 4.4** Tá an Cuid seo briste síos i dtrí roinn ar leith:
- Baineann Cairteacha 1 go dtí 5 (Cuid 4.1) le fáil comhad san Oifig agus áirítear orthu mionsonraí ar na cineálacha treoracha a rinneadh;
  - I gCairteacha 6 go dtí 10 (Cuid 4.2) soláthraítear mionsonraí ar thorthaí cásanna ionchúisimh ar dhíotáil an Stiúrthóra i ndáil le comhaid a fuarthas san Oifig idir 2006 agus 2008.
  - Baineann Cairteacha 11 go dtí 13 (Cuid 4.3) le hiarratais chuig na Cúirteanna ar athbhreithniú pianbhreithe toisc iad a bheith róthrócaireach; coigistiú agus forghéilleadh sócmhainní coiriúla; agus Barántais Ghabhála Eorpacha.

**4.5** Tagraíonn na teorainneacha bliantúla sna táblaí staitistice don bhliain a bhfuarthas an comhad san Oifig. Is é an chúis a ndeachthas siar chomh fada sna cairteacha 6 go dtí 10 ná chun an tréimhse ama idir an cinneadh ionchúiseamh a dhéanamh agus fíorasc na trialach a thaifeadadh a chur san áireamh. Dá mbeadh staitisticí le soláthar i ndáil le torthaí cásanna 2009, bheadh cion mór de na cásanna á rangú mar 'le héisteacht' agus ba bheag luach a bheadh leis na staitisticí. Ní gá go mbeadh cásanna a éistítear laistigh de thréimhse ghairid ionadaíoch ar chásanna eile.

**4.6** Déantar iarracht sa tuarascáil seo den chuid is mó leaganacha nuashonraithe de na sonraí a léiríodh sna Tuarascálacha Bliantúla roimhe seo a chur san áireamh chun cuntas níos iomláine a thabhairt ar an dul chun cinn atá déanta ó foilsíodh na sonraí sin roimhe seo. Mar gheall ar athrú leanúnach ar stádas cásanna – mar shampla, d'fhéadfadh cás a bhí ag feitheamh i dtuarascáil roimhe seo a bheith tugtha chun críche anois – beidh an fhaisnéis sa tuarascáil seo éagsúil ón bhfaisnéis ar an gcórt cásanna céanna i dtuarascálacha roimhe seo. Ina theannta sin, b'fhéidir nach mbeadh sonraí ó dhá bhliain éagsúla inchomparáide mar gheall de réir mar a thugtar níos mó cásanna chun críche bíonn faisnéis ó na blianta tosaigh níos iomláine ná cásanna sna blianta is deireanaí. Mura luaitear a mhalairt, rinneadh na sonraí atá san áireamh sna staitisticí seo a nuashonrú i mí Lúnasa 2010.

**4.7** Ba chóir a bheith cúramach nuair a bhítear ag breithniú na staitisticí seo i bhfianaise na staitisticí arna bhfoilsíú ag eagraíochtaí eile mar an tSeirbhís Chúirteanna nó An Garda Síochána. Tá na staitisticí a fhoilsítear anseo bunaithe ar ár gcórais rangúcháin agus catagóirithe féin agus d'fhéadfadh sé tarlú i gcásanna áirithe nach mbeadh siad ag teacht le córais rangúcháin eagraíochtaí eile.

# 4.1 COMHAID IONCHÚISIMH A FUARTHAS

Léiríonn Cairt 1 líon iomlán na gcomhad a fuair Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí idir 1976 agus 2010.

Baineann tromlach na gcomhad a fhaigheann an Oifig le hionchúiseamh cásanna coiriúla. Déileálann an chuid eile le fiosrúcháin ghinearálta, le hábhair d'athbhreithniú breithiúnach nó le hiarratais ar chomhairle dlí ón nGarda Síochána nó ó aturnaetha stáit áitiúla. Go ginearálta, tháinig ardú ar líon na gcomhad a fuarthas, agus ar chastacht na saincheisteanna nach mór díriú orthu ó cuireadh an Oifig ar bun.


Tá laghdú suntasach os cionn 1,000 comhad sna figiúirí don tréimhse 2000 go 2001 mar thoradh ar athrú ar na socruithe riaracháin lena gceadaítear don Gharda Síochána cionta áirithe a ionchúiseamh gan comhaid a chur faoi bhráid na hOifige roimh ré le teoracha a fháil. Is ann don mhéadú mór sna figiúirí ó 2001 go dtí 2002 mar gheall ar Roinn Choiriúil Oifig an Phríomh-Atur na Stáit a aistriú go dtí Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i Nollaig 2001 chun Roinn Athurnaetha na hOifige a chruthú.

**\* NÓTA:** Ní áirítear líon na gcomhad dlí eile a fuarthas san Oifig leis na figiúirí ón 2006 amach. Is comhaid iad seo a bhaineann le saincheisteanna dlí ar nós iarratais ar chomhairle dlí ón nGarda Síochána agus ó aturnaetha stáit áitiúla. Toisc nach mbaineann siad le comhaid ionchúisimh choiriúla aonair, breithníodh go mbeadh sé níos oiriúnaí gan iad a chur san áireamh do chríocha staidrimh i dtuarascáil na bliana seo.

**CAIRT 1: LÍON IOMLÁN NA GCOMHAD A FUARTHAS**

Bliain	Comhaid	Bliain	Files	Bliain	Files
1976	2,298	1988	3,829	2000	7,815
1977	2,542	1989	3,724	2001	6,821
1978	2,715	1990	3,849	2002	14,586
1979	2,698	1991	4,255	2003	14,696
1980	2,806	1992	4,880	2004	14,613
1981	3,249	1993	5,356	2005	14,427
1982	3,738	1994	6,393	2006	* 15,279
1983	4,309	1995	6,674	2007	* 15,446
1984	4,759	1996	6,687	2008	* 16,144
1985	4,335	1997	6,915	2009	* 16,074
1986	4,263	1998	7,066	2010	* 15,952
1987	3,902	1999	7,321		

**Líon iomlán na gComhad a Fuarthas**




Soláthraíonn Roinn Aturnaetha Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí seirbhís aturnae don Stiúrthóir agus gníomhaíonn thar a cheann. Déileálann an roinn freisin le cásanna nach gcaitear a tharchur go díreach chuig an Roinn Treorúcháin chun treo a fháil.

Léiríonn Cairt 2 an líon cásanna ar dhéileáil Roinn na nAturnaetha, agus an roinn sin amháin, leo agus áirítear inti comhaid ionchúisimh don Chúirt Dúiche, achomhairc ón gCúirt Dúiche go dtí an Chúirt Chuarda agus iarratais ar Bhannaí san Ard-Chúirt. Léiríonn an figiúr d'Achomhairc ón gCúirt Dúiche an líon comhad a sealbhaíodh agus ní an líon cúiseamh aonair a ndearnadh achomharc orthu. D'fhéadfadh roinnt cúiseamh a bheith faoi achomharc ag aon chosantóir amháin.

Déileálann Roinn na nAturnaetha le hiarratais ar athbhreithniú breithiúnach freisin. Cé gurb í Roinn na nAturnaetha, agus an roinn sin amháin, a dhéileálann le cuid de na hiarratais sin, caithtear cuid eile a chur ar aghaidh chuig an Roinn Treorúcháin le treo a fháil. Mar gheall go bhfuil an Roinn Athbhreithnithe Breithiúnacha lonnaithe i Roinn na nAturnaetha, áfach, tá an líon iomlán d'iarratais ar athbhreithniú breithiúnach ar déileáladh leo sa chairt seo. Is féidir leis an Stiúrthóir Athbhreithniú Breithiúnach a ghlacadh nó is féidir athbhreithniú breithiúnach a ghlacadh ina aghaidh.

## CAIRT 2: COMHAID A NDÉILEÁILTEAR LEO I ROINN NA NATURNAETHA

	2010	%	2009	%	2008	%
Comhaid Ionchúisimh Cúirte Dúiche	1986	29%	1968	27%	2104	27%
Achomhairc ón gCúirt Dúiche chun na Cúirte Cuarda	2178	32%	2572	37%	2649	34%
Iarratais ar Bhannaí Ard-Chúirte	2317	34%	2037	29%	2592	34%
Iarratais Athbhreithnithe Breithiúnacha	308	5%	328	5%	351	5%
<b>IOMLÁN</b>	<b>6789</b>		<b>6905</b>		<b>7696</b>	






Léiríonn Cairt 3 an líon comhad a fuarthas ina gcaitear cinneadh a dhéanamh an ndéanfar nó nach ndéanfar cás a ionchúiseamh. Déanann an chart comparáid idir líon na gcomhad a fuarthas agus líon na n-amhrastach is ábhar do na comhaid sin. Baineann go leor comhad le níos mó ná amhrastach amháin agus dá gcaithfí le comhad mar sin mar chás aonair d'fhéadfá ualach oibre míchruinn a lua leis an Oifig. Tá sé tábhachtach, mar sin, féachaint ar líon iomlán na n-amhrastach chomh maith le líon iomlán na gcomhad.

I rith na bliana 2008, thug an Oifig, ar bhonn píolótach, tionscnamh isteach faoina ndéantar, i gcásanna áirithe, an cúram i ndáil le cinneadh cibé ar cheart ionchúiseamh a dhéanamh, a tharmligean ón bhfoireann dlí sa Rannóg Treorúcháin leis an bhfoireann dlí i Rannóg na nAturnaetha. Is é cuspóir atá leis an tioncsnamh go mbeadh úsáid níos éifeachtúla á baint as acmhainní.

### CAIRT 3: BRISEADH SÍOS MAIDIR LEIS NA COMHAID A FUARTHAS D'FHONN CINNEADH CIBÉ AN NDÉANFAÍ IONCHÚISEAMH

	2010	2009	2008
Líon na gComhad ar pléadh leo i Rannóg na nAturnaetha	9056	9103	8373
Líon na gComhad ar pléadh leo sa Rannóg Treorúcháin	107	66	75
<b>LÍON IOMLÁN na gcomhad a fuarthas d'fhonn cinneadh cibé an ndéanfaí ionchúiseamh</b>	<b>9163</b>	<b>9169</b>	<b>8448</b>
<b>LÍON IOMLÁN na n-amhrastach a bhain leis na comhaid sin</b>	<b>12531</b>	<b>12308</b>	<b>11547</b>



Tá cur síos sa chairt seo ar na comhaid a fuair an Roinn Treorúcháin agus a ndearna sí iad a dhiúscairt i 2008, 2009 agus 2010 (suas go dtí Meitheamh 2011). Cuireann an Garda Síochána agus gníomhaireachtaí imscrúdúcháin speisialta na comhaid faoi bhráid Roinn na nAturnaetha go díreach nó faoi bhráid aturnae stáit áitiúil le haghaidh treorach faoi dhul ar aghaidh nó gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Déantar cinneadh mar seo a leanas, ag tabhairt tromchúiseacht an chiona agus an fhaisnéis atá sa chomhad i gcuntas:

**Ionchúiseamh ar bith:** Déantar cinneadh gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Is de bharr ganntanas fianaise sa chuid is mó a dhéantar cinneadh gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh Léiríonn na figiúirí, áfach, na cúiseanna go léir gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh.

**Ionchúiseamh ar Díotáil:** Déantar cinneadh dul ar aghaidh le hionchúiseamh sa Chúirt Chuarda, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil nó i gCúirt Speisialta Choiriúil.


**Diúscairt Achomair:** Bíonn an cion le hionchúiseamh sa Chúirt Dúiche.

**Faoi Bhreithniú:** Comhaid nach mbíonn cinneadh déanta maidir leo. Ar áireamh anseo tá na comhaid ina raibh gá le tuilleadh faisnéise nó imscrúdaithe sula bhféadfaí cinneadh a dhéanamh. Is chun an cás a neartú a dhéantar tuilleadh faisnéise a lorg go hiondúil seachas de bharr aon locht a bheith ar an imscrúdú.

**NÓTA:** Tá na figiúirí do 2008 agus 2009 tugtha suas chun data ó foilsíodh Tuarascálacha Bliantúla roimhe seo. Léiríonn an laghdú ar líon na gcomhad atá 'Faoi Bhreithniú' i gcomparáid le blianta roimhe seo an dul chun cinn ata déanta maidir leis na comhaid sin ó shin. Ar áireamh sna 'hionchúisimh ar Díotáil' tá na cásanna sin inar roghnaigh cosantóirí triail le giúiré agus cásanna inar dhiúltaigh an Breitheamh Dúiche dlínse, d'ainneoin gur roghnaigh an Stiúrthóir diúscairt achomair ar dtús.

#### CAIRT 4: DIÚSCAIRT COMHAD AN ROINN TREORÚCHÁIN DE RÉIR LÍON DAOINE IS ÁBHAR DO NA COMHAID A FUARTHAS

Treoir Déanta	2010	%	2009	%	2008	%
Ionchúiseamh ar Bith	4412	35%	4217	34%	4060	35%
Ionchúiseamh nó Indíotail	3670	29%	3882	32%	3765	33%
Diúscairt Achomair	4094	33%	4150	34%	3690	32%
<b>LÍON IOMLÁN COMHAD A DIÚSCRAÍODH</b>	<b>12176</b>	<b>97%</b>	<b>12249</b>	<b>100%</b>	<b>11515</b>	<b>100%</b>
Faoi Bhreithniú	355	3%	59	0%	32	0%
<b>IOMLÁN</b>	<b>12531</b>	<b>100%</b>	<b>12308</b>	<b>100%</b>	<b>11547</b>	<b>100%</b>




Bíonn cúiseanna éagsúla ann, seachas na príomhchúiseanna a leagtar amach sa chairt seo ('eile') gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh i ndáil le comhad áirithe. Cúpla sampla de na cúiseanna seo ná, bás nó dul ar iarraidh an duine atá faoi amhras, bás nó dul ar iarraidh an ghearánaí nó diúltú an ghearánaí fianaise a thabhairt.

#### CAIRT 4A: CUR SÍOS AR NA PRÍOMHCHÚISEANNA AR THREOIR GAN DUINE ATÁ FAOI AMHRAS A IONCHÚISEAMH

Príomhchúiseanna gan dul ar aghaidh	2010	%	2009	%	2008	%
Ganntanas Fianaise	3312	75%	2950	70%	3096	76%
Clár Athstiúrtha Óige	91	2%	100	2%	92	2%
Leas an Phobail	171	4%	234	6%	288	7%
Forais Simpíteacha	34	1%	30	1%	25	1%
Tréimhse Ama Caite	61	1%	96	2%	49	1%
Moill Mhíchui	27	1%	55	1%	47	1%
Tarraingíonn an Páirtí Díobhálaíthe Siar an Gearán*	199	5%	198	5%	N/A	N/A
Eile	517	12%	554	13%	463	12%
<b>IOMLÁN</b>	<b>4412</b>		<b>4217</b>		<b>4060</b>	

\* Tógadh na staitisticí sa chatagóir seo ó Chóras nua um Rianú Cásanna, Bainistithe Cáipéisí agus Comhad na hOifige agus mar sin níl siad ar fáil ach maidir leis an mbliain 2009 agus sin amháin. Sna blianta roimhe seo rinneadh an catagóir seo a chur san áireamh sa chatagóir 'Eile'.



I mí Deireadh Fómhair 2008, d'fhógair an Stiúrthóir athrú ar an bpolasaí maidir le cúiseanna a lua le cinneadh ionchúisimh sa chás go gcinntear gan ionchúiseamh a dhéanamh. Tugadh isteach an polasaí ar bhonn píolótach faoina dtugtar na cúiseanna le cinneadh nach ndéanfaí ionchúiseamh i gcás a raibh bás i gceist leis do mhuintir nó do theaghlach an íospartaigh ar iadsan sin a iarraidh. Go dtí gur tháinig an t-athrú sin ar an bpolasaí, thugtaí na cúiseanna le cinneadh nach ndéanfaí ionchúiseamh don Gharda Síochána nó don Aturnae Stáit ach ní luaíí cúiseanna le haon duine den phobal. Tá an polasaí seo i bhfeidhm maidir le cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh, nó gan leanacht ar aghaidh le hionchúiseamh, i ndáil le cionta a bhfuil bás duine ag baint leo nuair a tharla an cion líomhnaithe ar an 22 Deireadh Fómhair 2008 nó tráth is deireanaí ná sin.

Leagtar amach sna cairteanna a leanas líon na n-iarratas a tháinig ó tugadh isteach an polasaí seo agus an toradh a bhí ar na hiarratais sin.

**CAIRT 4B: IARRATAIS GO LUAIFÍ CÚISEANNA A FUARTHAS IDIR DEIREADH FÓMHAIR 2008 AGUS MEITHEAMH 2011**

Dúnmharú	Dúnorgain	Naíonmharú	Bás san ionad oibre	Bás mar thoradh ar Thionóisc Bóthair	IOMLÁN
1	3	-	1	14	19

**CAIRT 4C: AN TORADH A BHÍ AR AN IARRATAS**

Tugadh mionchúiseanna leis an gcinneadh	Diúltaíodh an t-iarratas go luaifí cúiseanna	Ar feitheamh
10	4	5

CURSÍOS AN LÍON IONCHÚISEAMH AR DÍOTÁIL TREORAITHE DE RÉIR CONTAE AN CHIONA CAIRT 4D:

\* As figiúirí daonáirimh 2006 a tógadh figiúirí an daonra don bhliain sin. Tá figiúirí 2007, 2008, 2009 & 2010 bunaithe ar leithroinnt chomhíreach na bhfigiúirí daonra réigiúnacha measta arna fhoilsiú sna Meastacháin ar Dhaonra & ar Imirce de chuid na Píomh-Ofíofa Staidrimh arna eisiúint in 2007, 2008, 2009 & 2010.


Léiríonn Cairt 5 an t-am idir comhad ionchúisimh críochnaithe a fháil san Oifig agus treoir a eisiúint maidir le cibé acu ar chóir nó nár chóir dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Cinneadh an fhaisnéis seo a léiriú de réir “duine atá faoi amhras” seachas de réir comhad mar go dtarlaíonn sé i gcásanna áirithe go mbíonn níos mó ná duine amháin i gceist agus nach ndéantar an cinneadh céanna i leith gach duine acu i gcónaí.

Bíonn comhaid éagsúil ó thaobh méid agus chomh coimpléascach a bhíonn siad. I gcásanna áirithe, bhí gá le breis faisnéise agus imscrúdaithe sula bhféadfaí cinneadh a dhéanamh. Féadfar tuilleadh faisnéise a lorg chun cruthúnas cáis a fheabhsú, cé nach comhartha é seo go raibh aon locht ar an imscrúdú.

Rinneadh an t-am a caitheadh a ríomh ar bhonn na gcásanna a bhfuil treoir eisithe ina leith amháin. Níor cuireadh comhaid atá á mbreithniú fós san áireamh agus léirítear iad mar chatagóir ar leithligh.

#### CAIRT 5: AN TAM A CAITHEADH SULAR EISÍODH CINNEADH

An tAm a Caitheadh	2010	%	2009	%	2008	%
0 - Dhá Sheachtain	5494	44%	5556	45%	5978	52%
Dhá - Cheithre Sheachtain	2161	17%	2602	21%	1905	17%
Ceithre Seachtaine - Trí Mhí	2891	23%	2688	22%	2005	17%
Trí Mhí - Sé Mhí	1208	10%	854	7%	950	8%
Sé Mhí - Dhá Mhí Dhéag	382	3%	391	3%	472	4%
Os Cionn Bliana	38	0%	155	1%	206	2%
<b>LÍON IOMLÁN COMHAD DIÚSCARTHA</b>	<b>12174</b>	<b>97%</b>	<b>12246</b>	<b>99%</b>	<b>11516</b>	<b>100%</b>
Faoi Bhreithniú	357	3%	62	1%	31	0%
<b>IOMLÁN</b>	<b>12531</b>	<b>100%</b>	<b>12308</b>	<b>100%</b>	<b>11547</b>	<b>100%</b>



## 4.2 TORTHAÍ NA GCÁSANNA ARNA N-IONCHÚISEAMH AR DÍOTÁIL

**4.2.1** Soláthraítear faisnéis i gCairteacha 6 go dtí 10 ar ionchúisimh ar díotáil a thóg an Stiúrthóir i ndáil le comhaid a fuarthas san Oifig idir 2006 agus 2008. Mar a tagraíodh sa nóta mínithe tosaigh, ba chóir a bheith cúramach agus comparáid á dhéanamh le figiúirí a sholáthraíonn aon eagraíocht eile, mar go bhféadfadh siad a bheith curtha le chéile ar bhealach éagsúil.

**4.2.2** Baineann na figiúirí sna cairteacha seo le daoine aonair a raibh amhras fúthu a raibh treoir déanta iad a ionchúiseamh ar díotáil. Soláthraítear staitisticí ar bhonn duine a raibh amhras faoi seachas ar bhonn comhaid a fuarthas. Sin mar gheall go ndéantar treoracha i ndáil le gach duine aonair a bhíonn laistigh de chomhad seachas in aghaidh comhaid iomlán mar aonán ann féin. Ag brath ar an bhfianaise a sholáthraítear, déantar treoracha éagsúla go minic i ndáil le daoine aonair a fhaightear mar chuid den chomhad céanna. Tagraíonn na tagairtí sna cairteanna sin do 'chásanna' d'ionchúisimh a thógtar in aghaidh daoine aonair a mbíonn amhras fúthu. Cé go bhféadfaí daoine aonair ar chomhad a thabhairt chun trialach le chéile nuair a bhíonn treoir déanta iad a ionchúisimh i gcúirteanna le dlínse comhionann, baileofar fíorasc gach duine aonair ar leithligh d'fhonn na staitisticí sin.

**4.2.3** Soláthraítear staitisticí ar an mbunús de thoradh amháin in aghaidh gach duine; beag beann ar an líon cúiseanna agus cionta a liostaítear ar an díotáil. Bristear na ciontuithe síos mar seo a leanas: ciontaithe ag giúiré, ciontaithe ar phléadáil, agus ciontaithe ar chúiseamh nach bhfuil chomh tromchúiseach. Is ionann ciontú ar chúiseamh nach bhfuil chomh tromchúiseach agus nár ciontaíodh an t-amhrasach as an bpríomhchúiseamh nó as an gcúiseamh níos tromchúisí ar an díotáil. Tá an catagóiriú cionta a úsáidtear sna

príomhchairteacha de réir an phríomhchiona nó an cion is tromchúisí ar an díotáil. Dá bhrí sin, sa chás go ndéantar an cosantóir a chiontú le cion nach bhfuil chomh tromchúiseach, d'fhéadfadh an cion nó na cionta a chiontaítear ann iad a bheith éagsúil ón gcion a mbíonn siad catagóirithe faoi sna cairteacha. Mar shampla, d'fhéadfaí duine a chúiseamh i ndúnmharú ach ar deireadh go gciontófaí an duine sin i gcion nach mbeadh chomh tromchúiseach sin i ndúnorgain nó cúisithe i dtrom-bhuirgléireacht ach ciontaithe ar deireadh i gcion nach mbeadh chomh tromchúiseach i mbuirgléireacht. Tá briseadh síos ar chiontuithe ar chúiseamh nach bhfuil chomh tromchúiseach i ndáil leis na cásanna a éistíodh sa Chúirt Choiriúil Speisialta agus sa Phríomh-Chúirt Choiriúil i gcairteacha 8a agus 9a. Sa chás go ndéantar amhrasach a chatagóiriú mar 'éigiontaithe', ciallaíonn sé sin go mbíonn an duine éigiontaithe i ngach cúiseamh.

**4.2.4** Ba chóir a thabhairt ar aird freisin go mbaineann staitisticí atá leagtha amach sna cairteacha seo le cad a tharla sa chúirt trialach agus sin amháin agus ní i gcúirt achomhairc ina dhiaidh sin. Is é sin le rá sa chás go gciontaítear duine agus go ndéantar an ciontú sin a chealú nuair a dhéantar é a achomharc, léirítear toradh na trialach i gcónaí sna staitisticí mar chiontú.

**4.2.5** Ba chóir a bheith cúramach i ndáil leis na rátaí ciontaithe agus éigiontaithe a léirmhíniú maidir leis na blianta is déanaí, toisc nach mbeidh líon ard cásanna tugtha chun críche. Ní bheidh an pictiúr a bheidh le feiceáil ó na staitisticí seo chomh iomlán agus chomh ionadaíoch leo sin i ndáil le blianta roimhe sin. D'fhéadfadh sé nach mbeadh cásanna a chualthas luath go maith mar shampla ionadaíoch ar an iomlán.

Léiríonn Cairt 6 an toradh a bhí ar na hionchúisimh ar díotáil a tugadh i ndáil le cúisithe ar thosaigh na hionchúisimh ina leith sna blianta 2008 go 2010 (suas go Meitheamh 2009). Baineann na figiúirí le:

**Ciontú:** Ciontú i ndáil le ceann amháin ar a laghad de na cúiseanna a bhí i gceist.


**Scaoileadh saor:** An cosantóir neamhchiontach i leith gach cúis a bhí i gceist.

**Gan éisteacht go fóill:** Cinneadh déanta dul ar aghaidh le hionchúiseamh agus iad le dul os comhair cúirte.

**NÓTA:** Níor cuireadh figiúirí 2010 san áireamh de bharr go bhfuil formhór mór na gcásanna sin le dul os comhair cúirte fós agus de bharr gur dócha nach léireodh fothorthaí an líon beag cásanna a bhfuil torthaí ar fáil dóibh an scéal críochnaitheach maidir leis na cásanna go léir.

## CAIRT 6: TORTHAÍ NA GCÁSANNA - IONCHÚISIMH AR DÍOTÁIL


Toradh	2009	%	2008	%	2007	%
Ciontú	2452	63%	2780	74%	2551	75%
Scaoileadh saor	83	2%	131	3%	147	4%
Gan Éisteacht go Fóill	1258	32%	734	19%	599	18%
Caite amach/Éiríodh as	89	2%	120	3%	110	3%
<b>IOMLÁN</b>	<b>3882</b>		<b>3765</b>		<b>3407</b>	





**CAIRT 6A: ACHOIMRE - CIONTAITHE/SCAOILEADH SAOR**  
**(CÁSANNÁ NÁR ÉISTÍODH GO FÓILL GAN BHEITH SAN ÁIREAMH)**

	2009	%	2008	%	2007	%
Ciontaithe ag Giúiré	65	3%	107	4%	143	5%
Ciontú tar éis Pléadáil Ciontach	2387	94%	2673	92%	2408	89%
<b>CIONTAITHE - IOMLÁN</b>	<b>2452</b>	<b>97%</b>	<b>2780</b>	<b>96%</b>	<b>2551</b>	<b>94%</b>
Scaoilte Saor ag Giúiré	48	2%	73	3%	111	4%
Scaoilte Saor ar Threoir ón mBreitheamh	35	1%	58	2%	36	1%
<b>SCAOILEADH SAOR - IOMLÁN</b>	<b>83</b>	<b>3%</b>	<b>131</b>	<b>5%</b>	<b>147</b>	<b>5%</b>
<b>IOMLÁN</b>	<b>2535</b>		<b>2911</b>		<b>2698</b>	



Tugann Cairt 7 briseadh síos ar na hionchúisimh a treoríodh ar díotáil a éisteacht sa Chúirt Chuarda. Is iad na cásanna atá rangaithe mar 'Le hÉisteacht' ná na cásanna sin nach bhfuil fíorasch talfeadta go fóill ina leith. I gcuid de na cásanna seo, d'fhéadfadh tús a bheith curtha ag triail le héisteachtaí, ach go mbeadh na himeachtaí stoptha ag iarratas ar Athbhreithniú Breithiúnach. I gcásanna eile, d'fhéadfadh sé go bhfuil an cosantóir éalaithe roimh an triail agus go bhfuil barántas binse agus/nó imeachtaí eiseachadta i bhfeidhm. Bfhéidir le cásanna eile, go háirithe iad sin de chineál casta, nach bhfuil siad tagtha chun trialach go fóill. Mar gheall ar an gcion mór de cásanna 'Le hÉisteacht' atá ann, níl na figiúirí sna blianta is déanaí chomh hionadaíoch. Tá feidhm ag an gcoinníoll sin freisin i gcás Chairteanna 8 agus 9. I gcás go mbiann easaontas faoi thoradh trialach, déileáiltear leis an gcás fós mar 'Le hÉisteacht' mura mbiann *rolle prosequi* iontráilte.

## CAIRT 7: TORTHÁI NA GCÁSANNA A IONCHÚISIODH SA CHÚIRT CHOIRIÚIL CHUARDA

	IOMLÁN			Ciontú ag Giúiré			Ciontú ar Phléadáil			Ciontú ar Chuíseamh Níos Lú			Éigíontú ag Giúiré			Éigíontú ag Threoir an Bhreithimh			Le hÉisteacht			Diúscairt ar Shli Eile		
	2009	2008	2007	2009	2008	2007	2009	2008	2007	2009	2008	2007	2009	2008	2007	2009	2008	2007	2009	2008	2007	2009	2008	2007
Timpistí Marfacha ag an Obair	13	13	8	0	1	0	5	4	5	0	0	0	0	0	0	0	0	0	8	8	3	0	0	0
Dúnoirgain Dúnoirgain	16	7	7	0	0	1	5	4	2	4	0	0	1	0	0	0	0	2	5	3	2	1	0	0
Cionta Marfacha Eile	0	0	1	0	0	0	0	0	1	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0
<b>IOMLÁIN - CIONTA MARFACHA</b>	<b>29</b>	<b>20</b>	<b>16</b>	<b>0</b>	<b>1</b>	<b>1</b>	<b>10</b>	<b>8</b>	<b>8</b>	<b>4</b>	<b>0</b>	<b>0</b>	<b>1</b>	<b>0</b>	<b>0</b>	<b>0</b>	<b>0</b>	<b>2</b>	<b>13</b>	<b>11</b>	<b>5</b>	<b>1</b>	<b>0</b>	<b>0</b>
Buirgléireacht	418	456	308	1	10	1	286	349	243	12	10	3	0	3	4	0	5	4	111	74	42	8	5	11
Calaois	47	45	41	0	1	0	33	31	19	1	0	0	0	1	1	0	0	1	13	12	20	0	0	0
Robáil	452	516	479	0	5	5	326	415	396	10	2	3	0	1	2	3	6	1	108	77	61	5	10	11
Gold	165	126	129	1	4	3	92	86	82	3	1	0	0	0	5	2	5	1	60	28	35	7	2	3
Cionta Eile in Aghaidh Maoine	275	205	172	0	3	6	155	143	117	14	4	0	1	1	4	2	4	0	92	42	38	11	8	7
<b>IOMLÁIN - CIONTA IN AGHAIDH MAOIN</b>	<b>1357</b>	<b>1348</b>	<b>1129</b>	<b>2</b>	<b>23</b>	<b>15</b>	<b>892</b>	<b>1024</b>	<b>857</b>	<b>40</b>	<b>17</b>	<b>6</b>	<b>1</b>	<b>6</b>	<b>16</b>	<b>7</b>	<b>20</b>	<b>7</b>	<b>385</b>	<b>233</b>	<b>196</b>	<b>31</b>	<b>25</b>	<b>32</b>
Bugaireacht	2	3	3	0	1	0	0	1	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	2	1	2	0	0	1
Pornagrafaíocht Leanai	9	12	19	0	0	1	7	9	15	0	1	0	0	0	0	0	0	0	2	2	3	0	0	0
Ionsaí Gnéis	59	97	84	2	6	6	19	43	45	2	1	1	1	4	9	0	3	2	33	32	16	2	8	5
Gnéas le Duine atá Faoi Aois	28	11	17	0	0	0	17	5	9	1	0	1	1	1	1	0	0	0	9	4	5	0	1	1
Cionta Gnéis Eile	33	20	25	1	0	1	10	10	12	1	0	1	1	0	1	0	1	0	18	8	10	2	1	0
<b>IOMLÁIN - CIONTA GNEIS</b>	<b>131</b>	<b>143</b>	<b>148</b>	<b>3</b>	<b>7</b>	<b>8</b>	<b>53</b>	<b>68</b>	<b>81</b>	<b>4</b>	<b>2</b>	<b>3</b>	<b>3</b>	<b>5</b>	<b>11</b>	<b>0</b>	<b>4</b>	<b>2</b>	<b>64</b>	<b>47</b>	<b>36</b>	<b>4</b>	<b>10</b>	<b>7</b>
Tiomáint Chontúirteach is Triúg Bháis	33	43	49	1	1	5	12	24	28	6	3	2	2	7	3	0	4	1	10	4	10	2	0	0
Tógáil Neamhúdaraithie Mótairfeithiclí	65	103	75	0	1	3	47	81	61	2	2	1	0	1	1	0	0	0	14	16	7	2	2	2
Cionta Trácta Bóthair Eile	56	38	30	1	1	2	32	28	22	5	2	1	1	1	0	0	0	1	17	6	3	0	0	1
<b>IOMLÁN - CIONTA TRÁCTA BÓTHAIR</b>	<b>154</b>	<b>184</b>	<b>154</b>	<b>2</b>	<b>3</b>	<b>10</b>	<b>91</b>	<b>133</b>	<b>111</b>	<b>13</b>	<b>7</b>	<b>4</b>	<b>3</b>	<b>9</b>	<b>4</b>	<b>0</b>	<b>4</b>	<b>2</b>	<b>41</b>	<b>26</b>	<b>20</b>	<b>4</b>	<b>2</b>	<b>3</b>
Cionta Drugaí	823	768	687	1	12	13	447	575	545	155	39	6	1	2	3	3	10	2	204	120	113	12	10	5
Cionta Arm Tine agus Pléascán	168	148	155	1	2	4	90	112	109	17	4	3	1	4	4	0	0	1	58	20	31	1	6	3
Cionta Neamh-Mharfacha in Aghaidh an Duine	787	760	824	14	21	29	375	449	539	40	11	9	31	34	40	18	14	14	283	177	143	26	54	50
Cionta Oird Phoiblí	169	190	79	1	2	0	71	140	52	15	2	7	1	0	5	1	2	0	76	42	13	4	2	2
Cionta Ioncaim	22	16	21	0	0	0	2	2	5	0	0	1	0	0	0	0	0	0	20	14	15	0	0	0
Cionta Eile	106	73	40	2	0	0	40	33	18	4	1	1	1	1	1	3	4	3	53	32	17	3	2	0
<b>MÓR-IOMLÁN</b>	<b>3746</b>	<b>3650</b>	<b>3253</b>	<b>26</b>	<b>71</b>	<b>80</b>	<b>2071</b>	<b>2544</b>	<b>2325</b>	<b>292</b>	<b>83</b>	<b>40</b>	<b>43</b>	<b>61</b>	<b>84</b>	<b>32</b>	<b>58</b>	<b>33</b>	<b>1196</b>	<b>722</b>	<b>589</b>	<b>86</b>	<b>111</b>	<b>102</b>

## CAIRT 7A: BRISEADH SÍOS MAR 'DÍUSCAIRT AR SHLÍ EILE' Ó CHAIRT 7

	2009	2008	2007
<i>Nolle Prosequi</i> Iontrailte	75	96	97
An Cuisi Basaithe	5	3	2
Tógtha san Áireamh	0	1	0
Ciontach ach ina Gheilt	0	1	0
Neamhchiontach de bharr gealtachta	6	10	3
<b>IOMLÁN</b>	<b>86</b>	<b>111</b>	<b>102</b>

## CAIRT 7B: IOMLÁN CÁSANNA CRÍOCHNAITHE AGUS CÉATADÁN CIONTUITHÉ

	IOMLÁN			Céatadán Ciontuithé		
	2009	2008	2007	2009	2008	2007
Timpistí Marfacha ag an Obair	5	5	5	100%	100%	100%
Dúnorgain	10	4	5	90%	100%	60%
Cionta Marfacha Eile	0	0	1	N/A	N/A	100%
<b>IOMLÁIN - CIONTA MARFACHA</b>	<b>15</b>	<b>9</b>	<b>11</b>	<b>93%</b>	<b>100%</b>	<b>82%</b>
Buirgléireacht	299	377	255	100%	98%	97%
Calaois	34	33	21	100%	97%	90%
Robáil	339	429	407	99%	98%	99%
Goid	98	96	91	98%	95%	93%
Cionta Eile in Aghaidh Maoine	172	155	127	98%	97%	97%
<b>IOMLÁIN - CIONTA IN AGHAIDH MAOIN</b>	<b>942</b>	<b>1090</b>	<b>901</b>	<b>99%</b>	<b>98%</b>	<b>97%</b>
Bugaireacht	0	2	0	N/A	100%	N/A
Pornagrafaíocht Leanaí	7	10	16	100%	100%	100%
Ionsaí Gnéis	24	57	63	96%	88%	83%
Gnéas le Duine atá Faoi Aois	19	6	11	95%	83%	91%
Cionta Gnéis Eile	13	11	15	92%	91%	93%
<b>IOMLÁIN - CIONTA GNÉIS</b>	<b>63</b>	<b>86</b>	<b>105</b>	<b>95%</b>	<b>90%</b>	<b>88%</b>
Tiomáint Chontúirteach is Triúg Bháis	21	39	39	90%	72%	90%
Tógáil Neamhúdairithe Mótairfeithiclí	49	85	66	100%	99%	98%
Cionta Tráchta Bóthair Eile	39	32	26	97%	97%	96%
<b>IOMLÁN - CIONTA TRÁCHTA BÓTHAIR</b>	<b>109</b>	<b>156</b>	<b>131</b>	<b>97%</b>	<b>92%</b>	<b>95%</b>
Cionta Drugaí	607	638	569	99%	98%	99%
Cionta Arm Tine agus Pléascán	109	122	121	99%	97%	96%
Cionta Neamh-Mharfacha in Aghaidh an Duine	478	529	631	90%	91%	91%
Cionta Oird Phoiblí	89	146	64	98%	99%	92%
Cionta Ioncaim	2	2	6	100%	100%	100%
Cionta Eile	50	39	23	92%	87%	83%
<b>MÓR-IOMLÁN</b>	<b>2464</b>	<b>2817</b>	<b>2562</b>	<b>97%</b>	<b>96%</b>	<b>95%</b>

Leagann an chairt thíos amach torthaí cásanna a treoraíodh i gcomhair ionchúisimh sa Chúirt Choiriúil Speisialta.

**CAIRT 8: TORTHÁI NA GCÁSANNA A IONCHÚISIODH AR DÍOTÚIL SA CHÚIRT CHOIRIÚIL SPEISIALTA**

	Iomlán		Ciontú ag Breithiúnaes		Ciontú ag Phléadail		Chúiseamh Níos Lú		Éigíontú ag Breithiúna		Díuscairt ar Shlí Eile		Le hÉisteacht	
	2009	2008	2009	2008	2009	2008	2009	2008	2009	2008	2009	2008	2009	2008
Cionta Arm Tine & Pléascán	6	11	1	2	2	0	4	9	1	0	0	0	0	0
Dúnmharú	0	0	1	0	0	1	0	0	0	0	0	0	0	0
Comhaltas d'Eagraíocht Mhídhleathach & Cionta Gaolmhara	4	5	4	2	2	0	0	2	1	0	0	2	0	0
<b>IOMLÁN</b>	<b>10</b>	<b>16</b>	<b>6</b>	<b>4</b>	<b>4</b>	<b>1</b>	<b>4</b>	<b>11</b>	<b>2</b>	<b>0</b>	<b>0</b>	<b>2</b>	<b>0</b>	<b>0</b>

**CAIRT 8A: BRISEACH SÍOS MAR 'CIONTUITHE AR CHÚISEAMH NÍOS LÚ**

Príomh Chúis	Ciontú ar Chúiseamh Níos Lú		IOMLÁN		Ciontú ag Breithiúnaes		Ciontú ag Phléadail	
	2009	2008	2009	2008	2009	2008	2009	2008
Comhaltas d'Eagraíocht Mhídhleathach & Cionta Gaolmhara	Cionta Arm Tine & Pléascán	0	0	0	2	0	0	2
<b>IOMLÁN</b>		<b>0</b>	<b>0</b>	<b>2</b>	<b>0</b>	<b>0</b>	<b>0</b>	<b>2</b>

**CHART 8B: BRISEADH SÍO S MAR 'DÍUSCAIRT AR SHLÍ EILE' Ó CHAIRT 8**

	2009	2008	2007
<i>Nolle Prosequi</i> Iontrailte	0	1	0
<b>IOMLÁN</b>	<b>0</b>	<b>1</b>	<b>0</b>

**CAIRT 8C: IOMLÁN CÁSANNA CRÍOCHNAITHE AGUS CÉATADÁN CIONTUITHE**

	IOMLÁN		Céatadhán Ciontuithe	
	2009	2008	2009	2008
Cionta Arm Tine & Pléascán	6	11	1	100%
Comhaltas d'Eagraíocht Mhídhleathach & Cionta Gaolmhara	4	4	4	75%
<b>IOMLÁN</b>	<b>10</b>	<b>15</b>	<b>5</b>	<b>100%</b>

Tugann Cairt 9 imlíne ar thoradh na gcásanna a treoraíodh lena n-ionchúiseamh sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus briseadh síos ar na cásanna go léir tríd de réir an chúisimh ba thromchhúisí in aghaidh an chosantóra. Déanann na cairteanna forlontacha briseadh síos ar thorthaí 'cointuiche ar chúiseamh níos lú' agus 'dúiscairt ar shlí eile'.

## CAIRT 9: TORADH NA GCÁSANNA A IONCHÚISIÓDH AR DÍOTÚIL SA PHRÍOMH-CHÚIRT CHOIRIÚIL

	IOMLÁN			Ciontú le Giúiré				Phléadáil				Ciontú ar Chliseamh Níos Lú				Éigiontú le Giúiré				Éigiontú le Treoir ón mBreitheamh				Diúscairt ar Shlí Eile				Le hÉisteacht			
	2009	2008	2007	2009	2008	2007	2009	2008	2007	2009	2008	2007	2009	2008	2007	2009	2008	2007	2009	2008	2007	2009	2008	2007	2009	2008	2007	2009	2008	2007	
Dúnmharú	45	42	55	12	12	26		4	8	11		11	14	8		0	0	4		0	0	0		2	4	4		16	4	2	
Iarracht Dúnmharaithe	3	4	1	1	1	0		1	2	0		0	0	0		0	0	1		0	0	0		0	1	0		1	0	0	
Comhcheilg um Dhúnmharú	0	0	2	0	0	2		0	0	0		0	0	0		0	0	0		0	0	0		0	0	0		0	0	0	
Éigniú	57	52	67	8	10	13		10	18	25		5	2	5		4	11	13		2	0	3		0	3	4		28	8	4	
Iarracht Éignithe	2	0	2	0	0	0		2	0	1		0	0	0		0	0	0		0	0	0		0	0	0		0	0	1	
Tromionsaí Gnéis	0	1	1	0	0	0		0	0	1		0	0	0		0	1	0		0	0	0		0	0	0		0	0	0	
Cuidiú le Ciontóir	6	1	4	0	0	2		2	1	2		0	0	0		0	0	0		0	0	0		0	0	0		4	0	0	
An Díl Ionaíochta	0	0	11	0	0	0		0	0	0		0	0	0		0	0	8		0	0	0		0	0	0		0	0	3	
IOMLÁN	113	100	143	21	23	43		19	29	40		16	16	13		4	12	26		2	0	3		2	8	8		49	12	10	

**CAIRT 9A: BRISEADH SÍOS MAR 'CIONTUITHE AR CHÚISEAMH NÍOS LÚ'**

Primary Charge	Ciontú ar Chúiseamh Níos Lú	TOTAL			Ciontú le Giúiré			Phléadáil		
		2009	2008	2007	2009	2008	2007	2009	2008	2007
Dúnmharú	Ionsaí is Cúis le Dlobháil	8	12	8	5	4	6	3	8	2
Dúnmharú	Cuidiú le ciontóir	3	0	0	1	0	0	2	0	0
Dúnmharú Dúnmharú	Violent Disorder	0	2	0	0	0	0	0	2	0
Éigniú	Tromionsaí Gnéis	0	1	0	0	1	0	0	0	0
Éigniú	Ionsaí Gnéis	3	1	2	1	0	2	2	1	0
Éigniú	Gnéas le Duine atá Faoi Aois	0	0	2	0	0	1	0	0	1
Éigniú	Indecent Assault	0	0	1	0	0	0	0	0	1
Éigniú	Buirgléireacht	1	0	0	0	0	0	1	0	0
Éigniú	Léig/Cruáil Leanai	1	0	0	1	0	0	0	0	0
IOMLÁN		16	16	13	8	5	9	8	11	4

## CAIRT 9B: BRISEADH SÍOS MAR 'DIÚSCAIRT AR SHLÍ EILE'

	2009	2008	2007
<i>Nolle Prosequi</i> lontrailte	0	3	3
Amhrastach Básaithe	0	1	3
Amhrastach Éalaithe Gan Súil go bhFillfidh Sé/Sí	0	2	0
Ciontach ach ina Gheilt	1	1	1
Neamhchiontach de bharr gealtachta	1	1	1
<b>IOMLÁN</b>	<b>2</b>	<b>8</b>	<b>8</b>

## CAIRT 9C: IOMLÁN CÁSANNA CRÍOCHNAITHE AGUS CÉATADÁN CIONTUITHE (LENA N-ÁIRÍEAR CIONTUITHE AR CHÚISEAMH NÍOS LÚ)

	IOMLÁN			Céatadán Cionthuithe		
	2009	2008	2007	2009	2008	2007
Dúnmharú	27	34	49	100%	100%	92%
Iarracht Dúnmharaithe	2	3	1	100%	100%	0%
Comhcheilg um Dhúnmharú	0	0	2	N/A	N/A	100%
Éigniú	29	41	59	79%	73%	73%
Iarracht Éignithe	2	0	1	100%	N/A	100%
Tromionsaí Gnéis	0	1	1	N/A	0%	100%
Cuidiú le ciontóir	2	1	4	100%	100%	100%
An Dlí Iomaíochta	0	0	8	N/A	N/A	0%
<b>IOMLÁN</b>	<b>62</b>	<b>80</b>	<b>125</b>	<b>90%</b>	<b>85%</b>	<b>77%</b>

Tugann Cairt 10 briseadh síos ar fhórsaí na gcás do gach cúirt choiriúil chuarda. Murab amhlaidh le Cairt 7, ní áirítear inti cásanna 'atá le hÉisteacht' nó cásanna a raibh aon toradh eile orthu seachas ciontú nó éigíontú. Tabhair ar aird i roinnt cásanna, go bhféadfadh triail a bheith i gcúirt chuarda nach í an cúirt chuarda í don chontae ina ndearnadh an cion.

## CAIRT 10: TORTAÍ NA GCÁSANNA A IONCHÚISÍODH AR DÍOTÁIL SA CHÚIRT CHOIRIÚIL CHUARDA DE RÉIR CONTAE

	Iomlán			Ciontú le Giúiré			Ciontú le Phléadáil			Ciontú ar Chúiseamh Níos Lú			Eigíontú ag Giúiré			Éigíontú le Treoir ón mBreitheamh		
	2009	2008	2007	2009	2008	2007	2009	2008	2007	2009	2008	2007	2009	2008	2007	2009	2008	2007
Ceatharlach	20	33	8	0	0	0	19	31	8	1	1	0	0	1	0	0	0	0
An Cabhán	22	32	24	0	0	0	16	32	21	6	0	0	0	0	1	0	0	2
An Clár	82	60	48	1	1	5	64	51	39	11	0	1	2	5	1	4	3	2
Corcaigh	319	323	308	4	14	11	273	285	281	30	4	2	3	5	8	9	15	6
Dún na nGall	34	56	81	3	2	5	29	49	68	1	0	1	0	2	6	1	3	1
Baile Átha Cliath	1162	1305	1230	6	20	21	975	1208	1168	167	55	13	8	8	22	6	14	6
Gaillimh	56	63	60	3	4	2	48	50	47	3	4	4	2	2	6	0	3	1
Ciarraí	68	55	51	1	1	2	59	47	45	5	1	0	3	6	3	0	0	1
Cill Dara	84	65	69	1	1	6	71	58	58	5	1	0	2	3	5	5	2	0
Cill Chainnigh	29	35	34	0	0	1	27	31	31	1	1	0	1	2	2	0	1	0
Leois	26	22	28	0	3	2	23	19	25	3	0	1	0	0	0	0	0	0
Liatroim	16	10	13	0	0	0	15	10	12	1	0	0	0	0	1	0	0	0
Luimneach	86	105	107	2	2	4	72	95	95	9	2	2	2	4	6	1	2	0
An Longford	22	23	17	2	0	1	20	21	14	0	1	0	0	1	2	0	0	0
Lú	30	58	57	0	1	1	25	52	53	2	2	0	3	1	2	0	2	1
Maigh Eo	68	58	39	2	5	1	51	47	35	9	1	0	5	3	2	1	2	1
An Mhí	43	49	51	0	3	1	38	41	46	3	1	0	1	3	2	1	1	2
Muineachán	11	27	27	0	0	2	7	26	18	4	1	4	0	0	0	0	0	3
Uíbh Fhailí	21	20	11	0	1	0	19	17	11	0	0	0	2	2	0	0	0	0
Ros Comáin	15	23	21	0	1	0	11	21	19	3	1	1	1	0	1	0	0	0
Sligeach	15	20	19	0	1	1	14	19	14	1	0	1	0	0	1	0	0	2
Tiobraid Árann	58	65	56	0	2	4	45	55	39	13	3	8	0	4	1	0	1	4
Port Láirge	64	111	65	0	2	3	53	96	58	3	2	1	4	5	3	4	6	0
An Iarmhí	37	120	44	0	2	2	33	115	38	4	1	1	0	1	3	0	1	0
Loch Garman	36	29	33	1	1	0	31	27	32	2	0	0	2	1	1	0	0	0
Cill Mhantáin	40	50	61	0	4	5	33	41	50	5	1	0	2	2	5	0	2	1
<b>IOMLÁN</b>	<b>2464</b>	<b>2817</b>	<b>2562</b>	<b>26</b>	<b>71</b>	<b>80</b>	<b>2071</b>	<b>2544</b>	<b>2325</b>	<b>292</b>	<b>83</b>	<b>40</b>	<b>43</b>	<b>61</b>	<b>84</b>	<b>32</b>	<b>58</b>	<b>33</b>

## CAIRT 10A: IOMLÁN CÁSANNA CRÍOCHNAITHE AGUS CÉATADÁN CIONTUITHE

	IOMLÁN			Céatadán Cionthuithe		
	2009	2008	2007	2009	2008	2007
Ceatharlach	20	33	8	100%	97%	100%
An Cabhán	22	32	24	100%	100%	88%
An Clár	82	60	48	93%	87%	94%
Corcaigh	319	323	308	96%	94%	95%
Dún na nGall	34	56	81	97%	91%	91%
Baile Átha Cliath	1162	1305	1230	99%	98%	98%
Gaillimh	56	63	60	96%	92%	88%
Ciarraí	68	55	51	96%	89%	92%
Cill Dara	84	65	69	92%	92%	93%
Cill Chainnigh	29	35	34	97%	91%	94%
Laois	26	22	28	100%	100%	100%
Liatroim	16	10	13	100%	100%	92%
Luimneach	86	105	107	97%	94%	94%
An Longford	22	23	17	100%	96%	88%
Lú	30	58	57	90%	95%	95%
Maigh Eo	68	58	39	91%	91%	92%
An Mhí	43	49	51	95%	92%	92%
Muineachán	11	27	27	100%	100%	89%
Uíbh Fhailí	21	20	11	90%	90%	100%
Ros Comáin	15	23	21	93%	100%	95%
Sligeach	15	20	19	100%	100%	84%
Tiobraid Árann	58	65	56	100%	92%	91%
Port Láirge	64	111	65	88%	90%	95%
An Iarmhí	37	120	44	100%	98%	93%
Loch Garman	36	29	33	94%	97%	97%
Cill Mhantáin	40	50	61	95%	92%	90%
<b>IOMLÁN</b>	<b>2464</b>	<b>2817</b>	<b>2562</b>	<b>97%</b>	<b>96%</b>	<b>95%</b>



# 4.3 IARRATAIS CHUIG NA CÚIRTEANNA

---

## **Torthaí Iarratais a rinneadh chuig na Cúirteanna**

---

- 4.3.1** Baineann Cairteacha 11 go dtí 13 le hiarratais chuig na Cúirteanna i ndáil le hathbheithnithe pianbhreithe toisc iad a bheith róthrócaireach; coigistiú agus forghéilleadh sócmhainní coiriúla; agus Barántais Ghabhála Eorpacha.

## IARRATAÍS AR PHIANBHREITHEANNA A ATHBHREITHNIÚ AR FHORAS ROTHROCIARE

Forálann Alt 2 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1993, go bhféadfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Achomhairc Choiriúil pianbhreith a fhorchuireann an chúirt thrialach a athbhreithniú, más dealraitheach go raibh an phianbhreith a fhorchuireadh sa dlí trócaireach go mí-chuí.

Tugann Cairt 11 thíos mionsonraí den líon iarratas a rinneadh ó tugadh isteach an tAcht.

I dTuarascálacha Bliantúla roimhe 2004, leagadh torthaí na n-iarratas amach de réir na bliana inar taisceadh iad. Ní bhíodh na hiarratais go léir a taisceadh don bhliain dá raibh an Tuarascáil Bhliantúil ag tuairisciú, áfach, éiste ag dáta fhoilsiú na Tuarascála Bliantúla agus bhíodh na torthaí do na hiarratais sin liostaithe mar ar feitheamh. Cinneadh dá bhrí sin, ón mbliain 2003 ar aghaidh, torthaí na n-iarratas a leagan amach de réir na bliana inar éisteadh iad.


Tugann Cairt 11A imlíne ar thorthaí na n-iarratas, ó na blianta 1994 go dtí 2002, de réir na bliana inar taisceadh an t-iarratas (mar a bhí sna Tuarascálacha Bliantúla roimhe seo).

Tugann Cairt 11B imlíne de thorthaí na n-iarratas, ón mbliain 2003 ar aghaidh, de réir na bliana inar éisteadh an t-iarratas.

### CAIRT 11: IARRATAÍS AR PHIANBHREITHEANNA A ATHBHREITHNIÚ AR FHORAS ROTHROCIARE

Bliain an Iarratais	An Líon Iarratas a Taisceadh	Bliain an Iarratais	An Líon Iarratas a Taisceadh
1994	2	2003	26
1995	2	2004	21
1996	3	2005	37
1997	4	2006	41
1998	12	2007	42
1999	34	2008	58
2000	31	2009	57
2001	23	2010	54
2002	23		

An Líon Iarratas a Taisceadh



#### CAIRT 11A: TORTHAÍ NA NIARRATAS DE RÉIR NA BLIANA AR TAISCEADH IAD

Bliain Thaisceadh an Iarratais	D'éirigh leo	Diúltaithe	Iarratas Caite Amach nó Tarraingthe Siar	IOMLÁN
1994	-	1	1	2
1995	-	1	1	2
1996	1	1	1	3
1997	2	2	-	4
1998	6	3	3	12
1999	17	16	1	34
2000	15	13	3	31
2001	17	3	3	23
2002	14	9	-	23

#### CAIRT 11B: TORTHAÍ NA NIARRATAS DE RÉIR NA BLIANA AR ÉISTEADH IAD

Year of Application Heard	D'éirigh leo	Diúltaithe	Iarratas Caite Amach nó Tarraingthe Siar	IOMLÁN
2003	11	8	1	20
2004	13	8	1	22
2005	18	9	2	29
2006	33	15	2	50
2007	30	6	3	39
2008	30	14	3	47
2009	15	13	3	31
2010	27	27	3	57

## COIGISTIÚ AGUS FORGHÉILLEADH SÓCMHAINNÍ COIRIÚLA

Tá sé cruthaithe gur bac éifeachtach ar dhéanamh tuilleadh cionta coiriúla é a gcuid sócmhainní a bhaint de choirpigh a chiontaítear dá bhforáiltear faoi fhorálacha an Acht um Cheartas Coiriúil 1994 (arna leasú). Bhunaigh Oifig an Stiúrthóra lonchúiseamh Poiblí Aonad tiomanta um Choigistiú Sócmhainní in 2007 a chomhordaíonn agus a dhéanann monatóireacht ar na hiarratais go léir a thionscnaítear faoin Acht. Bíonn idirchaidreamh ar bhonn leanúnach idir an tAonad, an Garda Síochana, Aturnaetha Stáit agus Oifig na gCoimisinéirí loncaim le sárchleachtas a chinntiú i réimse coigistithe agus forghéillte sócmhainní coiriúla.

99 líon iomlán na gcomhad a bhain le gabháil sócmhainní faoin Acht um Cheartas Coiriúil 1994 agus ar osclaíodh iad san Oifig don 2010, agus réimsigh siad ó chásanna a d'ordaigh forghéilleadh, go cásanna a d'ordaigh coigistiú, go hiarratais ar orduithe a chalcadh. Tá líon iomlán na gcásanna coigistithe agus calctha a osclaíodh in Oifig an Stiúrthóra lonchúiseamh Poiblí in 2010 leagtha amach i gcairt 12.

### CAIRT 12: COMHAID CHOGAISTITHE SÓCMHAINNÍ A OSCLAÍODH IN 2010

Comhaid Chogaistithe Sócmhainní a Osclaíodh in 2010	
Iarratais Alt 39	21
Iarratais Alt 39 (Aturnae loncaim)	21
Iarratais Alt 4 agus 9	26
Iarratais Alt 61	29
Iarratais Alt 24	2
<b>IOMLÁN</b>	<b>99</b>

**Alt 39 Orduithe Forghéillte:** Faoi alt 39 den Acht féadfaidh Breitheamh sa Chúirt Chuarda aon suim airgid tirim a bhíonn urghabháilte faoi alt 38\* den Acht a fhorghéilleadh má bhíonn seisean/sise sásta gur ionann an t-airgead sin go díreach nó go neamhdhíreach agus fáltais ó chuireacht nó go bhfuil sé beartaithe ag aon duine an t-airgead sin a úsáid chun drugaí a gháinneáil.

\* [Le hAlt 38 den Acht tugtar údarás airgead tirim a urghabháil sa chás go mbíonn bunús réasúnach ag an nGarda Síochana nó ag an oifigeach Custaim agus Máil amhras a bheith orthu gur ionann an t-airgead tirim (lena n-áirítear airgead tirim a fhaightear le linn cuardaigh) agus fáltais an duine ó iompar coiriúil. Ní féidir airgead tirim a urghabhálann Garda nó oifigeach Custaim agus Máil a choinneáil ar feadh tréimhse níos faide ná 24 uair an chloig mura dtugann Breitheamh sa Chúirt Dúiche údarás an t-airgead a choinneáil níos faide ná sin. Is féidir iarratais a dhéanamh chuig an gCúirt leanúint ar aghaidh ag coinneáil an airgid ar feadh tréimhsí suas go dtí dhá bhliain.]

**Alt 4 Orduithe Coigistithe:** Faoi fhorálacha alt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil 1994 (arna leasú) tráth a mbíonn duine ciontaithe ar díotáil i gcion gáinneála drugaí agus pianbhreith gearrtha, ní mór don Chúirt trialach a bhreithniú cibé an bhfuair an duine ciontaithe buntáiste ón gcion, an méid buntáiste a bhain sé as agus an méid atá inréadaithe chun Ordú Coigistithe a urscaoileadh. Ansin déanann an Chúirt Ordú Coigistithe don fhigiúr sin

**Alt 9 Orduithe Coigistithe:** Ceadáítear le halt 9 den Acht an buntáiste a fhaigheann an duine Cúisithe as aon chion díotáilte seachas cionta gáinneála drugaí a choigistiú tráth a chiontaítear sin. Féadfaidh an Chúirt Chuarda fiosrúchán a dhéanamh maidir leis an mbuntáiste a bhíonn faighte i ndiaidh don duine pianbhreith a bheith gearrtha air/uirthi. Ní mór don lonchúiseamh a chruthú go mbíonn an buntáiste a chruthaítear ag baint go díreach leis an gcion a mbíonn an duine cúisithe ina leith.

**Alt 61 Orduithe Forghéillte:** Ceadáítear le hAlt 61 den Acht aon mhaoín a úsáidtear chun aon chion a dhéanamh nó a éascú, a fhorghéilleadh, sa Chúirt Dúiche nó sa Chúirt Chuarda. Tugann an Oifig seo iarratais faoin alt i ndáil le raon leathan sócmhainní, mar charranna a úsáidtear chun coirpigh a iompar chuig agus ó láithreacha coiriúla, mar aon le hairgead agus uirlisí coireachta mar threalamh ullmhaithe drugaí a fhaightear ag láthair na coire nó in aice le láthair na coire.

**Alt 24 Orduithe Calctha:** Foráiltear le hAlt 24 den Acht maidir le hiarratais chuig an Ard-Chúirt ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí d'orduithe calctha sa chás go gcúisítear duine, nó go ndéantar cinneadh duine a chúiseamh, faoi chion díotáilte. Féadfaidh an t-ordú calctha gach maoín a aithnítear in Éirinn agus thar lear araon a bhíonn i seilbh an duine Chúisithe a chlúdach. Tá orduithe calctha deartha chun diomailt sócmhainní a chosc sula ndéantar fiosrúchán coigistithe sa Chúirt Chuarda nó sa Phríomh-Chúirt Choiriúil má chiontaítear an Cúisí sa chion.

Tá mionsonraí maidir leis na hOrduithe Coigistithe agus Forghéillte arna mbronnadh sna cúirteanna in 2010, go dtí luach iomlán de €3,051,088 léirithe i gcairt 12A thíos.

#### CAIRT 12A: SÓCMHAINNÍ COIREACHTA A CHOIGISTIÚ

Orduithe	Líon	Suim
Orduithe Forghéillte	25	€87,653
Orduithe Coigistithe	19	€324,749
Alt 39 Orduithe Forghéillte	15	€408,685
Alt 39 Orduithe Forghéillte (Iarratais Aturnaetha na gCoimisinéirí Ioncaim)	25	€2,230,000
<b>IOMLÁN</b>	<b>84</b>	<b>€3,051,088</b>

Ní thugtar san áireamh leis an bhfigiúr iomlán seo socrú réitigh faoinar tarraingíodh siar iarratas faoi alt 39 ar bhonn aontú go n-íocfaí €199,000 d'airgead gafa go díreach leis na Coimisinéirí Ioncaim chun a chur ar aghaidh go dtí an Státhchiste. Má chuirtear an t-airgead sin leis na suimeanna a coigistíodh le hordú ón gcúirt, is ionann na suimeanna a cuireadh ar aghaidh go dtí an ciste láir de thoradh ar iarratais urghabhála sócmhainní a tugadh thar ceann an DPP i rith na bliana 2010 agus €3,250,088.

## BARRÁNTAS GABHÁLA EORPACH

Tháinig an tAcht um Barántas Gabhála Eorpach, 2003 i bhfeidhm an 1 Eanáir 2004. Sainmhínítear an Barántas Gabhála Eorpach (EAW) in Alt 2 den Acht mar chinneadh Cúirte i mballstát amháin de chuid an AE a dhíríonn ar Chúirt i mballstát eile de chuid an AE chun “ionchúiseamh coiriúil a sheoladh nó pianbhreith choinneála a dhéanamh sa bhallstát eisiúna”.

Cuireann aonad eiseachadta an Gharda Síochána iarratais maidir le hullmhú EAWanna faoi bhráid Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. De ghnáth, déanann Aturnae de chuid na hOifige iarratais ar EAWanna le Breitheamh de chuid na hArd-Chúirte ina suí i mBaile Átha Cliath agus nuair a eisiúnn an Ard-Chúirt EAW, seoltar é chuig an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí lena tharchur chun na tíre a mheastar a bhfuil an duine atá á iarraidh ina chónaí nó ina cónaí. Le hAlt 33 den Acht um Barántas Gabhála Eorpach, 2003, ní cheadaítear EAW a eisiúint ach amháin má luaitear téarma príosúnachta de 12 mí ar a laghad leis an gcion ar chiontú a bhaint amach nó, nuair is duine ciontaithe é an duine iarrtha a bhfuil téarma príosúnachta de 4 mhí gearrtha air nó uirthi. Chlúdaigh na cionta a raibh EAWanna á n-iarraidh ina leith raon leathan de chionta tromchúiseacha, lena n-áirítear dúnmharú, cionta gnéis, cionta drugaí, gadaíocht agus ionsaithe tromchúiseacha.

Léirítear leis an gcairt thíos, an staid ó tháinig an tAcht um Barántas Gabhála Eorpach i bhfeidhm. Ba chóir a thabhairt ar aird nach gá go gcomhfhreagródh eisiúint an EAW agus géilleadh an duine don bhliain a fhaightear an comhad. Áirítear 35 comhaid leis na comhaid atá faighte sa chás go bhfuil an t-iarratas ag feitheamh nó nach ndearnadh aon iarratas ar EAW, nó gur aistarraingíodh an EAW mar gheall gur threoraigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí sin a dhéanamh, nó gabhadh an duine a bhí ar iarraidh in Éirinn, go bhfuair an duine a bhí ar iarraidh nó an gearánaí bás.

### CAIRT 13: BARRÁNTAS GABHÁLA EORPACH

Bliain	Comhaid EAW a Fuarthas ó na Gardaí	EAWanna a Eisíodh	Daoine a Tugadh Suas
2008	50	41	26
2009	40	31	28
2010	61	46	26
<b>IOMLÁN</b>	<b>151</b>	<b>118</b>	<b>80</b>

